



An Bosca 
Leabharlainne
Tuarascáil Mheastóireachta



EOLAS FAOI LAUREATE NA nÓG:

Tionscnamh de chuid na Comhairle Ealaíon is ea Laureate na nÓg. Is é Leabhair Pháistí Éireann a dhéanann an tionscnamh a bhainistiú agus a sheachadadh ar son na Comhairle Ealaíon agus tá tacaíocht aige ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Trí onóir a thabhairt d’ealaíontóir a bhfuil bua na ceirde aige/aici mar aon le tiomantas iontach, déanann Laureate na nÓg litríocht do leanaí agus do dhaoine óga a chur chun cinn agus a cheiliúradh. Fágann sin gur spreagadh mór atá sa Laureate do scríbhneoirí, do mhaisitheoirí agus do léitheoirí óga.

childrenslaureate.ie | info@childrenslaureate.ie

 childrenslaureateireland  laureatenanog  laureatenanog



EOLAS FAOI LEABHAIR PHÁISTÍ ÉIREANN

Is é Leabhair Pháistí Éireann an eagraíocht náisiúnta charthanachta agus ealaíon a throideann ar son ceart gach páiste chun grá a fhorbairt don léitheoireacht. Trínár n-iliomad gníomhaíochtaí agus imeachtaí, is aidhm linn daoine óga a chur ag léamh, tuiscint níos fearr a chothú ar a thábhachtaí atá leabhair do dhaoine óga agus a bheith mar chróí-acmhainn dóibh siúd a bhfuil suim acu i leabhair do pháistí in Éirinn.

childrensbooksireland.ie

 childrensbooksireland  kidsbooksireland  KidsBooksIrel

 childrens-books-ireland  Children’s Books Ireland

BUÍOCHAS LE:

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na scoileanna ar fad a ghlac páirt sa phróiseas meastóireachta don Bosca Leabharlainne, agus ach go háirithe na scoláirí agus na múinteoirí a ghlac páirt sna focasghrúpaí agus san obair allamuigh. Ár mbuíochas, fosta, leis na hEalaíontóirí Cónaithe a bhí mar cuid lárnach den tionscnamh ar an iomlán, agus a chuir go mór leis an tuairisc seo.

An Bosca Leabharlainne urraithe ag an gComhairle Ealaíon agus Foras na Gaeilge

Creidim go n-athraíonn an léitheoireacht meon an duine óig. Más féidir leat léamh sa dara teanga creidim go n-osclaíonn sé fuinneog ar chultúr na teanga sin. Tá súil agam go mbainfidh páistí ar fud na tíre sult agus spraoi as an mBosca Leabharlainne seo agus go n-osclóidh sé an fhuinneog sin ar ár gcultúr dúchais féin.

I believe reading can change a young person's outlook on the world. If you can read in another language, it opens a window on the culture of that language. I hope children all over the country enjoy An Bosca Leabharlainne and that it opens a window for them on our native culture.

Áine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg 2020-2023

Réamhrá

Tionscnamh de chuid na Comhairle Ealaíon is ea Laureate na nÓg. Is iad Leabhair Pháistí Éireann a dhéanann an tionscnamh a bhainistiú agus a sheachadadh ar son na Comhairle Ealaíon agus tá tacaíocht acu ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Trí onóir a thabhairt d'ealaíontóir a bhfuil bua na ceirde acu mar aon le tiomantas iontach, déanann Laureate na nÓg litríocht do leanaí agus do dhaoine óga a chur chun cinn agus a cheiliúradh. Fágann sin gur spreagadh mór atá sa Laureate do scríbhneoirí, do mhaisitheoirí agus do léitheoirí óga.

Is í Áine Ní Ghlinn an chéad Laureate na nÓg a scríobhann i nGaeilge amháin. Tús nua don ról a bhí ina ceapachán mar Laureate, agus deis iontach chun an léitheoireacht don phléisiúr sa Ghaeilge a chur chun cinn sna bunscoileanna. Spreag an Bosca Leabharlainne páistí de gach aois sna ranganna bunscoile, chuir sé leabhair Ghaeilge d'ardchaighdeán ar fáil do na scoileanna, agus thacaigh sé le múinteoirí tríd an bpacáiste gníomhaíochta spráilúil spreagúil a chabhraigh leo an Bosca a thabhairt chun beatha sa seomra ranga.

Ba é an Bosca Leabharlainne an príomhthionscadal ag Áine Ní Ghlinn ina ról mar Laureate na nÓg (2020-23). Foireann Leabhair Pháistí Éireann a rinne an tionscadal a fhorbairt agus a sholáthar, agus iadsan a thacaigh leis. Tionscadal thar a bheith uailmhianach a bhí ann, agus dá bharr sin, cheap muid go mbeadh tionchar i gcomhréir leis sin ar pháistí fud fad na hÉireann. Fuair an tionscadal maoiniú ó Fhoras na Gaeilge agus ón gComhairle Ealaíon chomh maith leis an ngnáthmaoiniú do Laureate na nÓg ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Cuireadh 2,200 bosca den Bhosca Leabharlainne chuig 1,831 scoil, lena n-áirítear gach Gaelscoil agus scoil Gaeltachta ar oileán na hÉireann. Seo an chéad tionscadal den chineál seo, ó thaobh méid de chomh maith le cur i bhfeidhm, líon na n-ealaíontóirí a raibh a saothar ann, agus líon na bpáistí lena ndearnadh teagmháil. Cuireadh treoir ar fáil cheana do scoileanna maidir leis an léitheoireacht sa Ghaeilge, ach ba é seo an chéad tionscadal dírithe go hiomlán ar léitheoireacht sa Ghaeilge don phléisiúr, agus chomh maith leis sin, an chéad cheann a chuir na leabhair agus na háiseanna ar fáil. Seo a leanas léargas ar struchtúr an tionscadail.



Sa phictiúr: (ó chlé go deas) Sarah Bannan, An Chomhairle Ealaíon; Elaina Ryan, Leabhair Pháistí Éireann; Regina Uí Chollatáin, Foras na Gaeilge; Áine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg; Norma Foley T.D., An tAire Oideachais.

Aidhmeanna agus Aschur

Bhí sé de phríomhaidhm ag an mBosca Leabharlainne léitheoireacht neamhspleách agus léitheoireacht as Gaeilge don phléisiúr a chur chun cinn. Aidhmeanna eile ná:

- litríocht agus foilsitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn;
- an pobal a chur ar an eolas maidir le litríocht na Gaeilge;
- cur le líon na leabhar mealltach Gaeilge d'ardchaighdeán a bheadh ar fáil sna bunscoileanna;
- cur le cumas na múinteoirí tacaíocht a chur ar fáil dá ndaltaí agus iad ag léamh as Gaeilge i mbealaí nuálacha, cruthaitheacha.

Scéim bronnta leabhar uailmhianach, uile-oileánda ab ea an Bosca Leabharlainne, ina bhfuair 1,831 scoil bosca de 25 leabhar nua. Bhí 2,200 bosca ann, rud a chiallaíonn go raibh 55,000 leabhar ann i gcéim a haon den tionscadal.

Dhírigh an dara céim den tionscadal ar úinéireacht leabhar agus easpa lón léitheoireachta sa bhaile. Sna 21 scoil a raibh ealaíontóirí cónaithe iontu, fuair gach dalta dhá leabhar le tabhairt abhaile le coimeád, agus bronnadh tuilleadh leabhar ar an scoil dá leabharlann féin.

Gnéithe eile den tionscadal ná:

- pacáiste gníomhaíochta d'ardchaighdeán istigh sa Bhosca agus ar fáil ar líne saor in aisce chun tacaíocht a thabhairt do gach scoil plé le bunlitríocht na Gaeilge do pháistí ar bhealaí spráíúla;
- póstaear bhríomhara, ildaite ceaptha chun an tionscadal a dhéanamh níos feiceálaí sna scoileanna;
- ealaíontóirí cónaithe in 21 scoil chun an léitheoireacht sa Gaeilge a chur chun cinn;
- físeáin choimisiúnaithe le triúr de na healaíontóirí ar cuireadh ar fáil iad saor in aisce ar shuíomh gréasáin Laureate na nÓg. Bhí na físeáin ceaptha chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna nach bhfuair ealaíontóirí cónaithe dul i ngleic leis an tionscadal, agus chun cabhair a thabhairt don phobal plé le léitheoireacht na Gaeilge.

Seoladh feachtas ar na meáin agus ar na meáin shóisialta do Sheachtain na Gaeilge 2022 i gcomhpháirtíocht le Dubray Books faoin teideal 'GiveLeabharGaeilge' chun daoine fásta a spreagadh chun leabhar a cheannach do pháiste ina saol. Chuir sé seo le seoladh an Bhosca Leabharlainne agus bhí sé freisin dírithe ar an gcuspóir céanna: aird a tharraingt ar an litríocht Ghaeilge d'ardchaighdeán.

Tionchar

Bhí sé mar aidhm ag an mBosca Leabharlainne:

1. Cur le cé chomh minic is a léitear as Gaeilge sna scoileanna.
2. Cur le feiceálacht na leabhar Gaeilge d'ardchaighdeán, agus leis an eolas mar gheall orthu, sna scoileanna.
3. Tacú le múinteoirí chun léitheoireacht sa Ghaeilge a dhéanamh spreagúil.
4. Deis a thabhairt do pháistí i roinnt bheag scoileanna ealaíontóirí cónaithe a bheith ar fáil dóibh.
5. Tacú le foilsitheoirí Gaeilge.

D'éirigh leis an scéim i ngach ceann de na cúig ghné:

1. Tá daltaí bunscoile fud fad na hÉireann ag léamh níos mó as Gaeilge, tá a léitheoireacht níos fairsinge, agus tá taitneamh níos mó á bhaint acu aisti, de réir dealraimh, go neamhspleách nó mar chuid de ghrúpa.
2. Tá leabhair Ghaeilge d'ardchaighdeán i bhfad níos feiceálaí. I roinnt de na scoileanna meán-Bhéarla ba iad na leabhair sa Bhosca Leabharlainne a gcéad leabhair Ghaeilge riamh.
3. Mhóthaigh múinteoirí agus foireann scoile go raibh an tacaíocht ann dóibh chun cabhrú leo bheith cruthaitheach agus spráíúil agus iad ag obair le litríocht Ghaeilge, agus tá níos mó eolais acu mar gheall ar na leabhair atá ar fáil.
4. Tá teagmháil dhíreach dhomhain le húdar nó le maisitheoir ag na daltaí in 21 scoil, agus sceitimíní orthu mar gheall ar na leabhair Ghaeilge.
5. Ceannaíodh 71,000 leabhar ó na foilsitheoirí Gaeilge, rud a thug an-tacaíocht dóibh.

Céard a spreag Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn, tabhairt faoin scéim

An bealach is fearr chun na leabhair a chur i lámha gach páiste, dar le hÁine Ní Ghlinn, ná an Bosca Leabharlainne a sheoladh chuig na scoileanna. 'Ar ndóigh, braitheann an-chuid ar na múinteoirí. Tá múinteoirí áirithe ann nach bhfuil spéis acu sa teanga, múinteoirí eile a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu agus a chuirfidh spéis sa tionscadal. An buntáiste is mó a bhaineann le bheith ag obair leis na scoileanna ná gur féidir teacht ar gach páiste. Beidh an deis chéanna ag gach uile pháiste na leabhair sa Bhosca Leabharlainne a léamh.'

Má spreagann tú na páistí chun níos mó léitheoireachta a dhéanamh, creideann Áine gur féidir daoine fásta a spreagadh freisin: 'Tá aithne agamsa ar go leor daoine fásta nach raibh mórán Gaeilge acu agus iad ag fás aníos, daoine nach raibh mórán spéise ag a dtuismitheoirí nó ag a múinteoirí sa teanga, b'fhéidir, ach gur tháinig siad ar ais chun na Gaeilge mar dhaoine fásta. Le linn na paindéime sílim gur thosaigh a lán daoine ag déanamh Duolingo nó ag foghlaim Gaeilge ar líne.' Agus ceist na muiníne mar bhac do lánúsáid an Bhosca Leabharlainne á plé aici, dúirt sí: 'Sílim go bhfuil an fhéinmhuinín an-tábhachtach. Tá roinnt múinteoirí ann nach bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu féin. Uaireanta cailleann siad cuid dá gcuid Gaeilge tar éis dóibh an coláiste a fhágáil. Cailleann siad féinmhuinín freisin. Tá a lán leabhar sa Bhosca Leabharlainne atá simplí, áfach, agus tá smaointe simplí sa leabhrán maidir le leabhair shimplí agus pictiúrleabhair a úsáid le páistí de gach aois.'

An eochar don léitheoireacht don phléisiúr, dar le hÁine, ná an léitheoireacht a dheighilt ón obair bhaile. Baineann na smaointe sa leabhrán le spraoi. 'Uaireanta is féidir na leabhair a cheangal le healáin nó stair nó le hábhar ar bith eile, ach é a dhéanamh ar bhealach spreagúil. Níl na leabhair seo ann chun an Ghaeilge a mhúineadh. Má bhaineann múinteoirí úsáid as na gníomhaíochtaí sa leabhrán beidh spraoi ann seachas gnáthobair scoile. Caithfear glacadh leis, áfach, gur féidir an Bosca Leabharlainne a bhronnadh ar an scoil, ach nach féidir linne dul níos faide ná sin. Faoi na múinteoirí atá sé leas agus spraoi a bhaint as.'

Agus í ag míniú an fáth a n-éiríonn páistí as an léitheoireacht don phléisiúr sa Ghaeilge, tarraingíonn Áine aird ar a laghad leabhar atá ann sa teanga go háirithe, do pháistí ag aois a hocht nó a naoi. 'Tá aistriúcháin mhaithe ann ach má bhíonn an bhéim ar fad ar aistriúcháin ón mBéarla, tá an baol ann go dtabharfadh sé le fios go gcaithfidh tú bheith i do scríbhneoir Béarla chun a bheith i do scríbhneoir cumasach. Breathnaíonn roinnt daoine ar na haistriúcháin mar chineál droichid chun páistí a spreagadh le coinneáil orthu ag léamh. B'fhéidir go bhfuil an ceart acu, ach uaireanta, braithim gur droichead i dtreo an Bhéarla iad na haistriúcháin. Faraor, níl go leor scríbhneoirí Gaeilge againn atá ag scríobh don aoisghrúpa 8/9+.' Taobh amuigh den tionscadal seo, bhí feachtas Áine GiveLeabharGaeilge ceaptha chun aird a tharraingt ar na leabhair den scoth atá amuigh ann.

Nuair a fiafraíodh di ar cheap sí gur mar thoradh ar an bhfeachtas sin atá níos mó pictiúrleabhar Gaeilge sna leabharlanna poiblí, níor aontaigh sí. 'Tá pictiúrleabhair iontacha ann, pictiúrleabhair Ghaeilge nach aistriúcháin iad. Tá siad sna leabharlanna agus sna siopaí mar go bhfuil siad chomh maith sin. Tá na pictiúrleabhair go hiontach chun léitheoireacht don phléisiúr a spreagadh. Cothaíonn siad grá don léitheoireacht, ach chomh maith leis sin, cothaíonn agus cruthaíonn siad caidreamh an-speisialta idir an páiste agus an duine fásta atá á léamh. Chaith mé féin an-chuid ama ag léamh do mo pháistí agus iad an-óg, ansin (agus iad níos sine) ag léamh leo, agus ina dhiaidh sin arís, bhíodh na leabhair a bhí á léamh acu féin á bplé againn.'

Mian croí Áine don tionscadal ná go mbainfidh scoileanna sult agus spraoi as an mBosca Leabharlainne, agus ina dhiaidh sin, go gcuirfear leis an leabharlann seo. 'Tá súil agam go mbeidh An Bosca Leabharlainne le feiceáil sna scoileanna go ceann i bhfad agus go mbeidh scoileanna in ann cur leis ó bhliain go bliain. Tá súil agam go dtabharfaidh sé spreagadh do mhúinteoirí agus do pháistí araon agus go leanfaidh páistí ar aghaidh ag léamh dá bharr.'

Forbairt dhearfach eile a tháinig ón tionscadal ná neartú ar an gcaidreamh idir Leabhair Pháistí Éireann agus Foras na Gaeilge. 'Tá tuiscint agus caidreamh láidir oibre idir na heagraíochtaí seo. Tá súil agam go leanfaidh sé seo ar aghaidh agus go dtógfar air amach anseo.'

Bhí an leabhrán gníomhaíochta mar chuid lárnach den Bhosca Leabharlainne d'Áine mar go bhfuil sé, dírithe ar léitheoireacht don spraoi. Feiceann sise na scoileanna mar thúsphointe chun daoine a spreagadh le léamh don phléisiúr.

Tá Áine ag súil go gcabhróidh an Bosca Leabharlainne le múinteoirí meon dearfach a chothú i leith léitheoireacht a Gaeilge a chothú. 'Má úsáideann múinteoirí cuid de na gníomhaíochtaí spráúla a chonaic siad sna seisiúin leis na healaíontóirí, bainfidh ranganna eile spraoi agus leas astu sin amach anseo. Cuimhnigh go mbíonn tionchar ag gach múinteoir ar 30 páiste gach aon bhliain.

Táim thar a bheith sásta leis an tionchar a bhí ag an mBosca Leabharlainne ar pháistí ar fud na tíre. Thóg sé mo chroí na grianghraif a fheiceáil ar na meáin shóisialta. Bhí sé go hálainn páistí a fheiceáil ag baint spraoi agus taitneamh as leabhair Ghaeilge.'

Téacs bunaithe ar agallamh le hÁine Ní Ghlinn ar an 17 Feabhra 2022.



Sa phictiúr: Áine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg, agus daltaí Gaelscoil Lios na nÓg, Raghallach.

CÉIM **a hAON**



Na Leabhair a Roghnú

An chéad chúram ná na leabhair don Bhosca Leabharlainne a roghnú. In 2021, reáchtáladh comhairliúchán ar ‘Léitheoireacht as Gaeilge don phléisiúr’ le Sandra Roe, agus dúirt an Dr Claire M. Dunne gur cuireadh an cháipéis comhairliúcháin san áireamh agus an leabhrán gníomhaíochtaí á chur le chéile. Bhí an taighde tábhachtach do phróiseas roghnaithe na leabhar freisin. Go luath sa phróiseas sin cinneadh dhá bhailiúchán a dhéanamh – ceann amháin do scoileanna Béarla, sé sin, formhór na scoileanna in Éirinn, agus ceann eile a bheadh saincheaptha do Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta.

Áine Ní Ghlinn í féin a roghnaigh iad – bunaithe ar leabhair a chur ar fáil a bheadh oiriúnach do pháistí d’aoiseanna éagsúla, le cumais agus spéiseanna éagsúla acu. Cuireadh san áireamh freisin réimse foilsitheoirí agus údar a bheith ann, ach sa deireadh thiar thall ba é ardchaighdeán na leabhar féin an rud ba thábhachtaí. Roghnaíodh 45 leabhar san iomlán, fiche a bheadh oiriúnach do bhosca amháin nó eile, agus cúig a bheadh oiriúnach don dá bhosca.

Na scoileanna a roghnú

Chuir Foras na Gaeilge €300,000 ar fáil do Chéim 1 don tionscadal, le cur leis an ngnáthmhaoiniú do Laureate na nÓg ón gComhairle Ealaíon. Aontaíodh go bhfaigheadh gach Gaelscoil agus scoil Gaeltachta i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann an dá shaghas bosca. Gheobhadh na scoileanna eile an bosca ba oiriúnaí do léibhéal tuisceana a ndaltaí. Roghnaíodh scoileanna freisin i mBailte Seirbhíse Gaeltachta – bailte atá i gceantar Gaeltachta nó taobh leis, le daonra de níos mó ná 1,000 duine, agus a bhfuil ról lárnach acu i seirbhísí poiblí, áiseanna fóillíochta nó tráchtála a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta – agus Líonraí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht le plean teanga láidir Gaeilge. Cuireadh tús le próiseas iarratais oscailte i mí Mheán Fómhair 2021, inar iarradh ar scoileanna eile cur isteach ar an scéim. D’éirigh leis an 525 scoil a chuir iarratas isteach. Chun cur le tionchar an tionscadail, cinneadh gur chóir na boscaí eile a chur chuig scoileanna DEIS, ina mbíonn daltaí faoi mhíbhuntáiste, agus chuig scoileanna beaga, ina ndéanfadh 25 leabhar difear níos mó ná mar a dhéanfadh sé i scoil mhór. Cuireadh le chéile liosta de 727 scoil sa chatagóir seo, agus iarracht á dhéanamh tríd síos bheith cinnte gur scoileanna fud fad na hÉireann a bheadh i gceist, seachas an iomarca in aon cheantar amháin. Fuair 1,831 bunscoil san iomlán An Bosca Leabharlainne.

Chun cur le tionchar an Bhosca Leabharlainne i líon beag scoileanna, cuireadh Scéim Ealaíontóra Cónaithe (SEC) ar bun. Chuir 542 scoil iarratas isteach don scéim, agus roghnaíodh 21 scoil, lena n-áirítear dhá scoil bheaga oileáin a bhí ag roinnt am an ealaíontóra.

Fógraíodh gairm oscailte d’ealaíontóirí i mí Dheireadh Fómhair 2021. Bhí ar ealaíontóirí iarratas a chur isteach le himlíne dá gcur chuige féin chun an léitheoireacht don phléisiúr as Gaeilge a chur chun cinn. Toisc nach bhfuil ach buíon bheag scríbhneoirí ag scríobh as Gaeilge, rinneadh teagmháil freisin le scríbhneoirí nár chuir isteach ar an scéim chun cuireadh a thabhair dóibh. San iomlán, roghnaíodh aon ealaíontóir cónaithe déag.

Idir Aibreán agus Meitheamh 2022, chaith na healaíontóirí 7.5 lá ag obair le gach scoil. San áireamh bhí ullmhúchán, agus sa chás agus srianta Covid fós i bhfeidhm, ceardlanna ar líne.

Thaifead triúr ealaíontóirí cónaithe ceardlanna físe sa bhreis a cuireadh ar fáil don phobal mar chuid den phacáiste tacaíochta.

CÉIM a DÓ



Maoiniú breise

I mí na Nollag 2021, chuir Foras na Gaeilge maoiniú breise de €116,000 ar fáil don Bhosca Leabharlainne. Faoin am sin, ní raibh sé indéanta an maoiniú breise sin a úsáid chun tuilleadh boscaí ar an gcuma chéanna a sheoladh chuig na scoileanna, ar chúiseanna éagsúla: cúrsaí lóistíochta casta, amlíne, agus an costas suntasach a bhain le líon mór leabhar a ordú ó fhoilsitheoirí éagsúla, iad a phacáil agus iad a sheachadadh. Dá bharr sin, cinneadh an t-airgead seo a chur chuig tuilleadh leabhar a cheannach do na scoileanna a bhí cheana páirteach i SEC – scoileanna a bhí tar éis dul trí phróiseas roghnúcháin mionsonraithe, agus a bhí tiomanta do phríomhchuspóir an tionscadail.

A bhúí leis an maoiniú, sna 21 scoil sin, bheadh dhá leabhar Gaeilge ar ardchaighdeán ag gach dalta le tabhairt abhaile le coimeád. I ngach cás, ba le hÁine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg, ceann de na leabhair, agus roghnaigh Áine an leabhar eile bunaithe ar aois agus cumas teanga na ndaltaí. San iomlán, bronnadh 8,296 leabhar ar 4,148 dalta sna scoileanna cuí.

Barr maise na scéime ná bailiúchán leabhar a bhronnadh ar na 21 scoil iad féin. Seoladh 8,451 leabhar amach san iomlán, roinnte suas ina leabharlanna beaga de idir 153 agus 1,217 leabhar (dhá leabhar an dalta ar an meán, bunaithe ar líon na ndaltaí sa scoil).

Modheolaíocht



Réamhrá

Rinne meastóireacht ar an mBosca Leabharlainne agus scríobhadh amach í idir Feabhra agus Deireadh Fómhair 2022. Cur chuige le modhanna measctha a bhí ann, le gnéithe cainníochtúla (suirbhéanna) agus gnéithe cáilíochtúla (grúpaí fócais, agallaimh, agus ceardlanna ealaínbhunaithe sna scoileanna). Bhí an réimse bailithe sonraí seo oiriúnach do ghrúpaí éagsúla, idir dhaoine fásta agus pháistí, agus chinntigh sé go raibh sonraí saibhre ar fáil ar a bhfuil an tuarascáil seo bunaithe.

Cuireadh suirbhéanna cainníochtúla chuig:

- scoileanna a raibh an Bosca Leabharlainne acu ach nach raibh ealaíontóir cónaithe acu,
- scoileanna le healaíontóir cónaithe,
- na healaíontóirí cónaithe iad féin.

Ar dtús bhí sé i gceist suirbhé a chur chuig na páistí freisin, ach cinneadh ina dhiaidh sin go raibh guth an pháiste le cloisteáil sa phróiseas meastóireachta tríd na gceardlanna agus na grúpaí fócais, agus go raibh léargas níos doimhne le fáil sa bhealach seo ná mar a bheadh ó shuirbhéanna.

Modhanna ealaínbhunaithe a úsáideadh do na ceardlanna. Tá na modhanna seo ag teacht leis an argóint ó staidéar na hóige a fheiceann páistí mar dhéantóirí agus aisteoirí sóisialta agus ní mar 'ábhar daoine fásta' (González, Hill and Véliz, 2022). Ciallaíonn sé seo go bhfuil seasamh an taighdeora fásta sa dara háit, chun guth agus rannpháirtíocht an pháiste sa staidéar a éascú.

Agus iad páirteach i ngíomhaíochtaí ealaíne, tá an páiste in ann bheith neamhspleách agus smacht acu ar an gcur chuige. Cabhraíonn sé sin dúinn tuiscint níos doimhne a fháil ar dhearcadh an pháiste ar an ábhar. Cuireann Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh i gcumhne don duine fásta gur orthu atá an fhreagracht deiseanna a chruthú do pháistí óga chun a dtuairimí a nochtú, seachas a bheith ag súil go gcruthóidh an páiste a gcumais féin. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ar na modhanna taighde bheith in oiriúint do spéiseanna agus léibhéil tuisciana an pháiste, agus na modhanna cumarsáide is fearr leo. Féadann le modhanna ealaínbhunaithe teacht le cur in iúl an pháiste féin agus a módhanna le bheith (Alderson, 2008).

Sa staidéar seo, taispeánann pictiúir agus múnlaí na bpáistí a spéis sa tionscadal iomlán, agus sa leabhar. Rinneadh cinnte, leis na modhanna seo, go raibh na páistí ag obair go díreach leis na leabhair, a léamh agus a dtuiscint fhísiúil féin de na leabhair is ansa leo á léiriú acu. Uaireanta, leo féin amháin an tuiscint, uaireanta eile bhí rian na gcomrádaithe scoile le feiceáil inti, nó tionchar an ealaíontóra cónaithe sa scoil. D'fhéadfadh sé bheith mar an fhreagairt is glaine a bhfuiltear in ann a fháil sa seomra ranga.

Gnásanna comhthoilithe agus prótacail eitice

Bhí gnásanna comhthoilithe i bhfeidhm tríd síos agus an mheastóireacht ar bun. Shínigh gach éinne a bhí páirteach i gceardlanna agus grúpaí fócais (idir dhaoine fásta agus pháistí) foirm chomhthoilithe. Fuarthas toiliú i scríbhinn ó thuismitheoirí/chaomhnóirí na bpáistí comhpháirteacha, agus ó na páistí féin a bhí páirteach sna ceardlanna agus sna grúpaí fócais.

Agus toiliú na dtuismitheoirí faighte, fuarthas toiliú agus aontú feasach ó na páistí comhpháirteacha tar éis míniú a thabhairt dóibh ar chuspóir na meastóireachta ag tús na ceardlainne nó tús an ghrúpa fócais sa scoil. Feictear toiliú mar phróiseas gníomhach beo, agus cé nach raibh i gceist leis an taighde ach lá amháin i ngach scoil, glacadh leis an gcur chuige seo agus rinne monatóireacht ghníomhach agus machnamh ar fhonn agus ar chompord na bpáistí agus an taighde ar siúl.

Tá meas tugtha don ábhar a chuir páistí ar fáil don mheastóireacht seo, agus do ghuth an pháiste. Glactar lena gceart chun príobháideachta, agus chun bheith anaithnid ina n-ealaín. Baineadh sonraí a chuirfeadh in aithne iad, agus na hainmneacha agus sloinnte.

Achoimre ar na sonraí bailithe

- Suirbhé tosaigh ar na fiche is a haon scoil a bhfuair ealaíontóir cónaithe (scoileanna SEC thíos) tar éis dóibh an Bosca Leabharlainne a fháil.
- Suirbhé deiridh de scoileanna SEC i dtreo dheireadh na scoilbliana nuair a bhí tréimhse chónaithe na n-ealaíontóirí thart
- Ceardlanna scoile ag baint úsáid as modhanna ealaínbhunaithe le dhá scoil SEC, gaelscoil i dTuaisceart Éireann, agus gaelscoil Gaeltachta i bPoblacht na hÉireann.
- San áireamh sa cheardlann bhí bileog oibre faoi 'bheith ag léamh as Gaeilge don spraoi' (féach Aguisín 1) agus líon na páiste isteach í sa dá scoil, ionas go mbeadh freagraí i scríbhinn ann chomh maith le sonraí ealaínbhunaithe.
- Rinneadh grúpaí fócais i gceithre scoil. Rinneadh beirt le múinteoirí (ceann amháin ar líne, ceann eile sa bhfíorshaol) agus beirt le páistí (ceann amháin ar líne, ceann eile sa bhfíorshaol). San áireamh bhí scoileanna le healaíontóir cónaithe agus gan ealaíontóir cónaithe.
- Suirbhé de na scoileanna a bhfuair an Bosca Leabharlainne.
- Suirbhé de na healaíontóirí cónaithe.
- Agallamh le beirt ealaíontóirí cónaithe chun tuiscint níos doimhne a fháil ar a dtaithe.

Eolas faoin sonraí	Comhthéacs	Freagraí/ Líon freagartha
Líon freagartha	Curtha chuig gach scoil SEC	20/21
Suirbhé scoileanna SEC - suirbhé deiridh	Curtha chuig gach scoil SEC	17/21
Suirbhé de gach scoil a bhfuair an Bosca Leabharlainne	Curtha chuig gach scoil a bhfuair an Bosca Leabharlainne ach amháin na scoileanna a bhfuair ealaíontóir cónaithe freisin. Curtha chucu agus na leabhair acu le trí mhí. 79 scoil san áireamh a chur iarratas isteach (79/525 san iomlán), 38 Gaelscoil nó scoileanna Gaeltachta (38/317) agus 13 scoil a bhí i mBaile Seirbhíse Gaeltachta nó Líonraí Gaeilge (13/262). As na 164 scoil a sheol an suirbhé ar ais, bhí 45 lonnaithe i dTuaisceart Éireann.	164/1831
Suirbhé do SEC	Curtha chuig gach ealaíontóir cónaithe	10/11
Pictiúir déanta as marla	Úsáideadh marla sa dá cheardlann	51
Pictiúir tarraingte - pictiúir scéil	Úsáideadh an tarraingt sa dá cheardlann	51
Ag léamh don phléisiúr as Gaeilge - ceistneoir	Úsáideadh ceistneoir sa dá cheardlann	51
Grúpaí fócais - ceist agus freagra	Úsáideadh é seo sa dá ghrúpa fócais (páistí)	2 ghrúpa
Ceisteanna tosaigh do na ranganna	Úsáideadh é seo sa dá ghrúpa fócais	2 ghrúpa
Trascríobh d'ábhar na ngrúpaí fócais	Bhí dhá cheann le múinteoirí (ceann ar líne agus ceann sa bhfíorshaol) agus dhá cheann le páistí (ceann ar líne agus ceann sa bhfíorshaol).	4 ghrúpa
Agallamh le healaíontóirí cónaithe	Dhá agallamh le healaíontóirí ag eascairt as na suirbhéanna	2
Agallamh le Laureate na nÓg	Agallamh chun a fháil amach céard a bhí sí ag súil leis ón tionscadal	1

Tírdhreach faoi láthair



Nósanna léitheoireachta

Sula bhfuair siad an Bosca Leabharlainne, cuireadh ceisteanna ar na scoileanna mar gheall ar theaghlaigh na ndaltaí - an raibh meas acu ar an léitheoireacht agus ar an litríocht (Fig. 1) agus an raibh lón léitheoireachta ar fáil sa bhaile (Fig. 2). Den chuid is mó tá meas ag an teaghlach ar an léitheoireacht agus ar an litríocht, le formhór na bhfreagraí mar 'roinnt' agus 'an chuid is mó'; níor roghnaigh scoil ar bith 'ceann ar bith fíor', a bhí mar rogha dá mba mhaith leo. Dar leis an gcuid is mó de na scoileanna bhí lón léitheoireachta sa bhaile ag roinnt de na daltaí (58%) agus díríonn sé sin aird ar thábhacht na leabharlainne scoile mar fhoinsé d'ábhar léitheoireachta do pháistí.

Má thaitníonn an léitheoireacht leis na tuismitheoirí, ansin bíonn leabhair ag na páistí sa bhaile.

Scoil Bhéarla, Gaillimh

Tá easpa leabhar i dteaghlaigh faoi mhíbhuntáiste, agus is i bhfad ó leabharlann atáimid.

Scoil Bhéarla, Maigh Eo


Is scoil DEIS Banda 1 muid, agus tagann roinnt mhaith de na páistí ó chulra gan ábhar léitheoireachta acu sa bhaile, nó le beagán ábhar léitheoireachta

Scoil Bhéarla, Cill Chainnigh

Spreagtar na páistí le léamh sa Bhéarla, ach ní sa Ghaeilge, mothaíonn na tuismitheoirí nach bhfuil léamh na Gaeilge acu féin, agus tagann na smaointe sin anuas chuig na páistí


English-medium school, Cavan

Tá meas ag teaghlaigh na ndaltaí ar an léitheoireacht agus an litríocht



Fíor 1

Tá lón léitheoireachta sa bhaile



■ lad ar fad ■ An chuid is mó acu ■ Roinnt acu ■ Duine ar bith acu ■ Níl a fhios agam

Fíor 2

Níl na scileanna ag na daltaí, nó níl a fhios acu conas na leathanaigh a chasadh ceann ar ceann agus iad ag teacht isteach i Naíonáin Bheaga. Tá scileanna oll-luailéacha in easnamh, agus ní thuigeann siad conas greim a choimeád ar an leabhar, é a oscailt, agus taitneamh a bhaint as draíocht na léaráidí agus na bhfocal.

Scoil Bhéarla, Tiobraid Árann

Chuir roinnt scoileanna béim ar a bhfreagracht féin, agus ar fhreagracht na leabharlann poiblí, as ábhar léitheoireachta a chur ar fáil do pháistí mura bhfuil leabhair acu sa bhaile.

Seo deis sa scoil. Cé go gcuirtear béim mhór ar an léitheoireacht, níl ábhar léitheoireachta ar fáil sa bhaile do chách. Tá leabharlann scoile againn agus anois tá deis ann do na daltaí Gaeilge a fhoghlaim.

Scoil Bhéarla, an Mhí

Is scoil Deis Banda 2 muid. Molann muid an leabharlann áitiúil a úsáid mar acmhainn chun ábhar léitheoireachta a aimsiú dár ndaltaí ... tá sé saor in aisce.

Bunscoil Bhéarla, Baile Átha Cliath

Bíonn an teilifís agus na scáileáin i gcoitinne in iomaíocht dhíreach leis an léitheoireacht, feictear dúinn.

Ní féidir le leabhar an bua a fháil ar na scáileáin ... taobh amuigh den seomra ranga, is ar na scáileáin a chaitheann siad a gcuid ama.

Scoil Bhéarla, Baile Átha Cliath


Tá dúshlán mór againn sna scoileanna mar tá páistí chomh tógtha le scáileáin agus leis na meáin shóisialta. Tá daoine óga ag cailliúint scileanna léitheoireachta.

Gaelscoil, Baile Átha Cliath

Tá ceithre nó cúig theilifíseán sa bhaile ag an gcuid is mó de na teaghlaigh, agus ní bhíonn siad ag léamh san oíche. Seo an cultúr a bhfuil muidne ag iarraidh athrú.


Gaelscoil, Baile Átha Cliath

Nuair a fiafraíodh den scoil an raibh na daltaí tógtha leis an léitheoireacht agus iad ar scoil, d'fhreagair an chuid is mó de na scoileanna go dearfach, mar atá sa ghráf thíos (Fig. 3). Bhí an chuid is mó de na daltaí tógtha leis an léitheoireacht dar le tromlach na scoileanna (67%), dar le beagnach ceathrú de na scoileanna bhí roinnt acu (24%), agus dar le mionlach beag scoileanna (9%) bhí siad ar fad tógtha léi.



Fíor 3

Tuairiscíodh gur thaitin le sciar mór de na daltaí 'bheith ag labhairt mar gheall ar a raibh á léamh acu', le scoileanna ar an eolas mar gheall ar spéiseanna léitheoireachta na ndalataí agus an chaint eatarthu fúthu. Mar a léirítear in Fig. 4, dúirt 60% de na scoileanna gur thaitin sé leis an chuid is mó acu. Dúirt ceathrú de na scoileanna gur thaitin sé le roinnt acu, agus dúirt 15% gur thaitin sé le gach éinne.



Fíor 4

Mar atá i rang ar bith, tá dalataí ann nach dtaitníonn an léitheoireacht leo, ach is mionlach iad! Gaelscoil, Tuaisceart Éireann

Mar chuid de cheacht léitheoireacht don spraoi, fiafraíodh de ghrúpa daltaí ar aois a deich i ngaelscoil i dTuaisceart Éireann, cérbh iad na nithe deasa a bhain le leabhar a léamh (féach Aguisín 1), labhair siad mar gheall ar an ngreann, dráma, agus léaráidí mar ghnéithe tábhachtacha.

Tá síocháin ann, agus tá sé thar barr uilig.

Buachaill

Tá sé drámatúil. Tá tú féin deas compordach agus déanann sé maitheas duit bheith ag léamh na leabhar Cailín

Nuair atá carachtair ghreannmhara ann, pictiúir dheasa agus dráma.

Cailín

Nuair atá an méid sin pictiúir ann agus is féidir leat an scéal a thuiscint uathu agus cuireann sé ag machnamh thú.

Cailín

Nuair atá na pictiúir go hálainn agus nuair atá an scéal corraitheach.

Buachaill

I gceardlann eile, i scoil Gaeltachta sa Phoblacht, bhí spéis ag daltaí ar aois a deich go dtí a trí déag in eolas agus cur amach ar an ábhar a bhí ar fáil dóibh sna leabhair. Labhair siad faoin tearmann a bhí ann i ndomhain eile agus faoi scíth a ligean.

Tá tú ar do chompord agus tú ag léamh agus ag smaoineamh mar gheall ar dhomhain eile

Buachaill (aois 12)

Taitníonn sé liomsa bheith ag léamh mar is féidir leat bheith istigh sa leabhar agus leat féin. Tá sé an-spéisiúil. Taitníonn sé liom am a chaitheamh liom féin.

Cailín (aois 13)

Tá go leor eolais ann. Déanann sé maitheas don intinn.

Cailín (aois 12)

Rud ciúin, suaimhneach atá ann.

Cailín (aois 12)

Leis na leabhair is féidir pictiúir a chruthú i do intinn féin.

Cailín (aois 12)

Nuair a fiafraíodh de na páistí sa chéad ghrúpa (aois a deich) céard a spreagfaidís chun leabhar Gaeilge a phiocadh suas, labhair cuid mhaith acu mar gheall ar an mbród a bhí orthu go raibh Gaeilge acu agus go raibh léamh na Gaeilge acu, rud nach bhfuil ag gach éinne. Ba bhreá leo daoine eile sa bhaile nó sa phobal a spreagadh chun a gcuid Gaeilge a úsáid. Dealraíonn sé gur ó na páistí féin a tháinig an smaoineamh seo - luaigh cuid acu é le linn na ceardlainne dá ndeoin féin, agus bhí idir iontas agus áthas ar an múinteoir.

Tá sé deas go bhfuil Gaeilge agam agus ar na laethanta saoire scoile níl daoine eile in ann na leabhair Ghaeilge a léamh.

Cailín

Dá mbeinn dearg le fearg b'fhearr liom leabhar Gaeilge.

Buachaill

Tá sé deas Gaeilge a bheith agam agus ba mhaith liom an Ghaeilge a spreagadh níos mó i measc na ndaoine eile.

Cailín

Léim mar go bhfuilim an-bhródúil as mo theanga, agus tá na smaointe sna leabhair Ghaeilge níos suimiúla.

Cailín

Do na páistí sa scoil Gaeltachta i bPoblacht na hÉireann, cruth an leabhair is mó a chuaigh i bhfeidhm orthu: luaigh siad an clúdach, na dathanna, na léaráidí agus an teideal go minic. Luaigh roinnt acu an fhoghlaim, agus an leabhar a bheith lonnaithe in Éirinn.

Léim chun tuilleadh Gaeilge a fhoghlaim agus má tá an teideal greannmhar agus cuma mhaith air, cosúil le Moncaí Dána.

Cailín (aois 11)

Phiocfainn suas leabhar Gaeilge agus teideal maith agus clúdach maith air, ach osclaím an leabhar ansin chun féachaint níos mó, mar ní féidir a rá cén saghas leabhair é go dtí go ndéanann tú seo. Sampla maith é Púca sa Teach.

Cailín (aois 13)

Tá teideal maith ar an leabhar agus dathanna deasa leis. Thaitin Lúba liom.

Cailín (aois 11)

Nuair atá sé mar gheall ar do thír féin, agus nuair is fíorscéal é.

Buachaill (aois 12)

Taitníonn sé liom nuair atá teideal deas ar leabhar, nuair atá sé scríofa go deas, agus nuair atá sé suimiúil. Thaitin Púca sa Teach liomsa freisin.

Cailín (aois 10)

Luaigh na páistí sa scoil i dTuaisceart Éireann nithe áirithe a chuirfeadh bac orthu bheith ag léamh as Gaeilge; sé sin go bhfuil rogha leabhar níos fairsinge ar fáil sa Bhéarla, go mbíonn siad gnóthach le caithimh aimsire eile, nach bhfuil leabhair Ghaeilge ar fáil uaireanta, nó go bhfuil na leabhair Ghaeilge ró-dheacair le tuiscint. Dúirt cuid acu nach gcuirfeadh tada bac orthu bheith ag léamh sa Ghaeilge agus d'fhág cuid acu an cheist seo gan fhreagra ar an mbileog.

Nuair atá níos mó leabhar ar fáil as Béarla nó as Gaeilge. Nó nuair nach bhfuil fáil ar bith ar leabhar Gaeilge.

Cailín

Táim gafa an t-am ar fad leis an spórt, imrím peil, peil Ghaelach agus iomáint.

Buachaill

Mura bhfuil leabhair Ghaeilge agam, nó má tá focail istigh ann nach n-aithním.

Cailín

Tada.


Cailín

Tá na leabhair Ghaeilge níos deacra.


Cailín

Bhí na daltaí sa scoil Gaeltachta dírithe go hiomlán ar an gcumas: ní léifidís leabhar Gaeilge agus é ró-dheacair, ró-mhór, le cló ró-bheag, ró-leadránach, nó gan léaráidí.

Nuair a fiafraíodh de na scoileanna faoi léitheoireacht sa Ghaeilge i gcomparáid le léitheoireacht sa Bhéarla, bhí líon níos ísle le spéis sa léitheoireacht Ghaeilge. Dúirt tromlach na scoileanna gur thaitin le roinnt daltaí bheith ag léamh as Gaeilge (66%), dúirt líon níos lú gur thaitin sé leis an gcuid is mó de na daltaí (17%), agus ní dúirt ach mionlach beag gur thaitin sé leis na daltaí ar fad (4%). Murab ionann is an dúil sa léitheoireacht go ginearálta, dúirt 13% de na scoileanna nár thaitin sé le dalta ar bith bheith ag léamh as Gaeilge (Fig. 5). Tá difríocht idir an dúil sa léitheoireacht Ghaeilge agus an dúil sa léitheoireacht go ginearálta (Fig. 3) - thuairiscigh scoileanna go raibh an chuid is mó de na daltaí tógtha léi (67%). Ní raibh mórán difríochta áfach idir líon na scoileanna a dúirt gur thaitin an léitheoireacht le gach dalta (9%), agus líon na scoileanna a dúirt gur thaitin an léitheoireacht Ghaeilge le gach dalta (4%). Is féidir an dúil sa léitheoireacht sa dá theanga a fheiceáil anseo thíos in Fig. 6. Cé go bhfuil dúil níos mó sa léitheoireacht Bhéarla, tá fonn léitheoireachta ann sa Ghaeilge, fonn méadaithe anois freisin agus litríocht Ghaeilge curtha ar fáil dóibh leis an mBosca Leabharlainne.



Fíor 5




Fíor 6 – tábla comparáideach ar léitheoireacht sa Bhéarla nó sa Ghaeilge

Fiafraíodh de pháistí i scoil Gaeltachta, le linn grúpa fócais ar líne, céard a chuirfeadh bac orthu leabhar Gaeilge a roghnú sa leabharlann. Dúirt dalta amháin, ‘mar go bhfuil cuma níos éasca ar na leabhair Bhéarla, piocann tú suas é, agus ansin leanann tú ar aghaidh leis an leabhar’. Dúirt páiste eile ‘tá sé deacair teacht orthu. Tá siad ar sheilf ró-ard.’ Nuair a fiafraíodh díobh arbh fhéarr leo leabhar Gaeilge nó Béarla agus iad ag fáil leabhar ó thuismitheoir nó caomhnóir, d’fhreagair siad ar fad go roghnóidís leabhar Béarla, mar go mbíonn sé níos éasca dóibh é a léamh leo féin, agus mar go bhfuil rogha níos fairsinge ann sa Bhéarla.

Bhí seachtar sa ghrúpa fócais seo, agus léigh siad ar fad sa bhaile, agus bhí lear mór leabhar ag cúigear sa bhaile. Bhí roinnt leabhar Gaeilge ag gach duine den chúigear seo.


Léitheoireacht don spraoi sa scoil i dT. É. - Grúpa de 24



Fíor 7

Toisc gur roghnaíodh líon mór scoileanna éagsúla don Bhosca Leabharlainne, bhí sé soiléir ón tús go mbeadh réimse fairsing de chumas teanga iontu, agus go mbeadh difríochtaí suntasacha sa mheon i leith léitheoireacht na Gaeilge. Don mheastóireacht seo, roghnaíodh dhá ghrúpa taighde. Sa chéad ghrúpa, i mbunscoil lán-Ghaeilge lonnaithe i dTuaisceart Éireann, taitníonn an léitheoireacht don spraoi le tromlach mór de na daltaí, aois a deich, agus ní dúirt ach triúr as fiche is a ceathair nach dtaitníonn sí leo. É sin ráite, ní léann ach trí déag acu sa Ghaeilge don spraoi, le haon dalta déag ag rá nach léann siad as Gaeilge don spraoi. Tá léamh na Gaeilge deacair, dar le deichniúr, ach éasca dar le ceithre dhalta dhéag. (Fíor 7).

Léitheoireacht don spraoi i scoil Gaeltachta - Grúpa de 25



Fíor 8

Scoil Gaeltachta i bPoblacht na hÉireann ab ea an dara scoil don taighde. Bhí cúig dhalta is fiche sa rang, ó Rang a Ceathair go Rang a Sé, an chuid is mó acu idir deich agus dhá bhliana déag d'aois, le dalta amháin ar aois a trí déag. Sa ghrúpa seo freisin, thaitin an léitheoireacht don spraoi le tromlach mór díobh, agus ní dúirt ach beirt as an bhfiche is a cúig nár thaitin. Sa scoil seo, níor léigh ach ceathrar don spraoi sa Ghaeilge, agus ní dúirt ach cúigear go raibh sé éasca, líon i bhfad níos ísle ná mar a bhí sa scoil i dTuaisceart Éireann (Fíor 8).

Luaigh scoileanna áirithe na deacrachtaí a bhí acu léitheoireacht Ghaeilge don phléisiúr a spreagadh ar scoil agus sa bhaile nuair a bhí siad cheana ag streachailt chun léitheoireacht sa Bhéarla a spreagadh. Measadh go raibh léitheoireacht sa Ghaeilge ní ba dheacra, agus níorbh í an tosaíocht ba mhó ag an scoil. Luaigh roinnt scoileanna meon agus cumas na dteaghlach i leith léitheoireacht na Gaeilge:

Cuirtear léitheoireacht don phléisiúr agus don fhoghlaim chun cinn inár scoil, ach toisc gur scoil Bhéarla agus scoil shóisearach í, bheadh an bhéim ar léamh an Bhéarla. Tá roinnt de na naíonáin in ann focail Ghaeilge a aithint agus a athrá. I Rang 1 agus Rang 2 tá siad in ann abairtí nó sraith abairtí a léamh. Mar mhúinteoirí bhí gliondar orainn an bosca seo a fháil agus bhí na daltaí in ann taitneamh a bhaint as an eispéireas agus as a bheith ag féachaint ar roinnt dá gcomrádaithe - a bhí in ann - á léamh.

Scoil Bhéarla, Baile Átha Cliath

Tá deacrachtaí againn na tuismitheoirí a chur ag léamh leabhar Béarla lena leanaí fiú, mar sin gan dabht ní léitear leabhair Ghaeilge sa bhaile.

Scoil Bhéarla, Tiobraid Árann

Tá litríocht Ghaeilge tábhachtach, ach ní mór a thuiscint nach féidir le tuismitheoirí a bhfuil lagmhisneach orthu féin mar gheall ar léamh na Gaeilge in ann í a roinnt lena bpáistí.

Scoil shóisearach Bhéarla, Baile Átha Cliath

Mhínigh grúpa fócais amháin de mhúinteoirí i scoil Bhéarla go raibh spéis acu i léitheoireacht don phléisiúr sa Bhéarla, ach nach raibh Béarla ag gach páiste; tá an Bhéarla mar theanga bhreise ag 40% de na 445 páiste sa scoil. Bhí tuismitheoirí agus caomhnóirí na bpáiste tar éis leabhair Ghaeilge shimplí dá gclann a iarraidh, agus bhí gliondar ar an scoil na leabhair a fháil sa Bhosca Leabharlainne. Mhothaigh múinteoirí eile go mbeadh na leabhair ró-dheacair dóibh siúd atá ag streachailt leis an léitheoireacht Bhéarla, agus nach bhfuil Gaeilge mhaith acu..

Bhí roinnt de na leabhair ar chaighdeán i bhfad Éireann níos airde ná caighdeán na bpáistí, agus dá bharr sin, ní spreagadh maith iad chun tabhairt faoi léitheoireacht Ghaeilge.

Scoil Bhéarla, Corcaigh

Is scoil Deis Banda 1 muid, mar sin tá muid dírithe ar léamh an Bhéarla a shealbhú.

Scoil shóisearach Bhéarla, Baile Átha Cliath

Tá líon ollmhór de theaghlach le Béarla mar Theanga Bhreise (82%) againn, mar sin is é an Béarla an chéad tosaíocht againn, ach anois ba mhaith linn caighdeán níos fearr Gaeilge a chur chun cinn.

Scoil Bhéarla, Baile Átha Cliath

Nuair a fiafraíodh díobh an raibh litríocht Ghaeilge mar acmhainn úsáideach chun na páistí a spreagadh sa rang, tháinig freagra ar ais ó phríomhoide amháin a thaispeáin nach raibh léitheoireacht Ghaeilge don phléisiúr ar siúl acu ar chor ar bith:

Gan dabht ... níor thuig roinnt de na páistí inár scoil go raibh a leithéid de rud ann agus leabhair léitheoireachta sa Ghaeilge agus gur féidir le páiste bheith ag léamh Gaeilge don phléisiúr!!

Scoil Bhéarla, Tiobraid Árann

Tá sé rithábhachtach daoine a chur ar an eolas mar gheall ar chaighdeán na leabhar Gaeilge, agus na foilsitheoireachta Gaeilge:

Níor thuig daltaí ná roinnt múinteoirí go raibh na leabhair ar ard-chaighdeán ann.

Scoil Bhéarla, Tiobraid Árann



An Bosca
Leabharlainne
sna Scoileanna

Leabharlanna scoile

Den chuid is mó bhí bailiúchán an-bheag de leabhair Ghaeilge sna leabharlanna scoile. Thuairiscigh 71 de 164 scoil go raibh 0-20 leabhar inti (44%). Ina dhiaidh sin bhí 20-50 (47 as 164 freagra, nó 28%), 50-100 (31 as 164 freagra, nó 19%), agus ar deireadh níor thuairiscigh ach 15 scoil (9%) go raibh 100+ leabhar ina leabharlann scoile. Tugann sé seo le fios go mbeadh tionchar suntasach ag an mBosca Leabharlainne ar sholáthar leabhar Gaeilge ar ardchaighdeán sna leabharlanna scoile, agus tromlach na scoileanna gan mórán leabhar Gaeilge inti.

I roinnt cásanna, tá líon ard na leabhar míthreorach, mar go raibh scata cóipeanna de roinnt bheag leabhar, seachas rogha fairsing.

Bheadh 50-100 leabhar ann, ach iad i sraitheanna de deich gcóip, mar uaireanta bíonn sé níos fearr muinín sa léamh a thabhairt dóibh trí léitheoireacht a dhéanamh i ngrúpaí, chun cabhrú le nathanna agus foclóir. Bunchloch atá sa chleachtadh seo a cabhróidh leo ar ball leis an léitheoireacht neamhspleách.


Gaelscoil, Maigh Eo

Mhínigh scoil Bhéarla amháin nach raibh ach 0-20 leabhar Gaeilge acu sa leabharlann mar bhí siad ag streachailt cheana le teaghlaigh a spreagadh le léamh le chéile sa Bhéarla, ná bac leis an nGaeilge. Fadhb eile ná rochtain leabharlainne:

Ag tús na bliana, ní raibh leabharlann againn mar go raibh athruithe móra ar siúl sa scoil agus cé go raibh na foirgnimh ann, ní bhfuair muid ár leabharlann ar ais go dtí an téarma seo.

Scoil shóisearach Bhéarla, Baile Átha Cliath


Luigh roinnt scoileanna go raibh a mbailiúchán leabhar sean nó as dáta, go raibh ionadaíocht níos leithne ag teastáil do na páistí is óige, go raibh an chuid is mó de na leabhair mar chuid de scéimeanna léitheoireachta agus ní raibh siad oiriúnach le léamh don phléisiúr, go raibh roinnt leabhar den seandéanamh agus leamh, agus ar deireadh go mbeadh sé thar barr uilig dá mbeadh sé indéanta leabhair nua a thabhairt do na gaelscoileanna agus iad díreach foilsithe.



Fíor 9

An Bosca Leabharlainne - conas ar úsáideadh é?

Nuair a fiafraíodh de na scoileanna cé chomh minic is a úsáideann siad na leabhair sa Bhosca Leabharlainne lena ndaltaí, an freagra is coitianta ón suirbhé ginearálta ná cúpla uair sa mhí (41%), nó cúpla uair sa tseachtain (31%). Os a choinne sin, sa suirbhé a chuir muid amach chuig na scoileanna le healaíontóirí cónaithe, dúirt mionlach gur úsáideadh gach lá iad (10%), an tromlach (60%), cúpla uair sa tseachtain, agus 25% cúpla uair sa mhí (Fig. 9). Luaigh scoil amháin gur bhreá leo na leabhair a úsáid chomh minic agus ab fhéidir, ach go mbraithfeadh sé ar na téamaí a bhí ar siúl sa rang.



Fíor 10

Roinneadh an Bosca Leabharlainne i mbealaí éagsúla sna scoileanna. Bhí malartú seachtainiúil idir na ranganna i ngaelscoil amháin i dTuaisceart Éireann. Bhí tralaí ar leith chun na leabhair a roinnt idir na ranganna ag roinnt scoileanna. I roinnt eile, bhí na leabhair sa leabharlann scoile, nó i seomra ranga le rochtain ag am ar leith. Chruthaigh scoil amháin taispeántais leabhar i ngach seomra ranga ar sheilfeanna ar leith, agus cheannaigh tuilleadh cóipeanna de na leabhair sa Bhosca Leabharlainne ionas go mbeadh gach rang sa scoil in ann na leabhair a bheith acu an t-am iomlán. I scoil amháin bhí mearbhall orthu mar gheall ar an téarma 'bosca leabhar', mar nach raibh siad i mbosca a thuilleadh, ach ar thralaithe nó sna seomraí ranga.

Tá an bosca de leabhair álainn ar taispeáint sa halla, agus tá cead ag na daltaí súil a chaitheamh orthu agus iad a roghnú. Léann na múinteoirí leabhar amháin ar a laghad os ard dá rang gach seachtain.

Scoil Bhéarla, Tiobraid Árann

Choimeád scoil amháin, inar ndearna a n-ealaíontóir cónaithe 'Café au Léamh', an café agus na leabhair go buan i seomra ranga na Naíonán Beag. D'éirigh go han-mhaith leis seo, mar bhí na pictiúrleabhair ar fad le feiceáil, bhí sé éasca teacht orthu agus sult a bhaint astu. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil na páistí in ann na leabhair a fháil gan stró agus go minic, ionas go dtéann siad i dtaithí orthu, agus chun léitheoireacht na Gaeilge a normalú. Bhí sé seo thar a bheith soiléir ón scoil i dTuaisceart Éireann a chuir cóipeanna breise ar fáil ionas go mbeadh gach aon rang in ann na leabhair ón mBosca Leabharlainne a úsáid go laethúil.

Le linn na gceardlann taighde leis na páistí, tháinig sé chun solais go ndeachaigh na páistí i dtaithí ar na leabhair agus bhí siad ar a gcompord leo toisc go raibh siad ar fáil go héasca sa seomra ranga, agus dá bharr sin gur éirigh go rímhaith leis an mBosca Leabharlainne sa scoil. Bhí an-taithí ag páistí i scoil ceardlainne amháin leis na leabhair mar coimeádadh iad i leabhragán ar leith, agus ceannaíodh sraith ranga (agus seastán taispeántais) do gach seomra ranga chun chur chuige uile scoile a chinntiú. Ní raibh an taithí céanna leis na leabhair ag na páistí sa scoil ceardlainne eile, mar coimeádadh na leabhair áit eile. Ba chóir go dtabharfaidh sé seo misneach do na scoileanna nach bhfuair ealaíontóir cónaithe, mar is féidir leis na múinteoirí féin na leabhair a chur ar fáil go héasca le rochtain cheart sa chéad dul síos, agus beidh an leabhrán gníomhaíochta acu chun cabhrú leo na leabhair a thuiscint.

Dúirt grúpa fócais de mhúinteoirí i scoil Bhéarla amháin gur sásta amach is amach a bhí na páistí nuair nach raibh measúnú i gceist, agus gur bhain siad an-taitneamh as na leabhair a léamh taobh amuigh. De réir na fianaise seo, agus bunaithe freisin ar theistiméireachtaí na n-ealaíontóirí cónaithe, is straitéis mhaith í úsáid an Bhosca Leabharlainne a scaradh ón gcuraclam, agus, nuair is féidir, spraoi a bhaint as taobh amuigh den seomra ranga.

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil an taithí ar na leabhair ón mbosca deighilte ón bpróiseas foirmeálta foghlama. Tá sé tábhachtach do na páistí go nglactar le cuspóirí na scéime, agus go gcuirtear gníomhaíochtaí ar na leabhair ar fáil ar leibhéal neamhacadúil agus neamhoifigiúil, agus gur mar sin a bhaintear taitneamh astu. Níor chóir é a cheangal leis an gcuraclam.

Réaltán Ní Leannáin



Sa phictiúr: Áine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg, agus daltaí Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Inis.

Tionchar an Bhosca Leabharlainne ar léitheoireacht don phléisiúr sa Ghaeilge

Tá tionchar suntasach sna scoileanna ag an mBosca Leabharlainne ar an léitheoireacht don phléisiúr sa Ghaeilge. Tá an tionchar seo an-soiléir go deo sna scoileanna Béarla, mar a raibh easpa eolais ar an saibhreas litríochta Gaeilge do pháistí. Bhí an Bosca Leabharlainne mar aistear fionnachtana do na páistí seo. Chuir múinteoir amháin síos ar chás ar leith den tionchar ina rang, ag míniú go raibh na leabhair tar éis cur leis an taitneamh a bhain na daltaí as an nGaeilge:

Bhí léitheoireacht shaor á déanamh againn, agus bhí buachaill amháin i Rang a Trí ag léamh a leabhair. Chuir mé ceist air: 'An bhfuil sé go maith?' agus thosaigh sé ag míniú rud éigin ón leabhar dom, ach as Gaeilge, ní d'aon ghnó, ach de thimpiste.

Bhí sé cailte istigh sa scéal agus i dteanga an scéil.

Scoil Bhéarla, Muineachán

As na scoileanna a d'fhreagair an suirbhé, ní raibh ach dornán leabhar Gaeilge ag go leor acu ina leabharlann scoile, agus ní raibh leabhar Gaeilge ar bith ag roinnt eile, ach amháin na cinn a bhfuair siad mar chuid den tionscadal (44% le 0-20 leabhar agus 29% le 20-50 leabhar). Do scoil amháin i dTuaisceart Éireann tháinig an tionscadal díreach ag am cuí, mar bhí siad tar éis cinneadh a dhéanamh an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil don chéad uair riamh, agus bhí na leabhair a bhfuair siad mar bhlaiseadh den scoth.

Muidne scoil lán-Bhéarla i dTuaisceart Éireann agus níl an Ghaeilge mar chuid den churaclam. Shocraigh an scoil an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil ag tús na bliana. Ní raibh na páistí ar an eolas go raibh leabhair ar fáil as Gaeilge. Tá na páistí ag foghlaim stór mór focal ó na leabhair. Úsáideann siad na focail sin nuair is féidir leo. Tá sé sin thar barr dar liom. Is breá leis na páistí bheith cruthaitheach leis na tascanna ón leabhrán a bhfuair muid leis an mBosca Leabharlainne.

Scoil Bhéarla, Tuaisceart Éireann

Tá tionchar ag an tionscadal ar chultúr feabhsaithe léitheoireachta sa Ghaeilge i roinnt scoileanna.

Gach maidin Chéadaoin, bíonn 'Maidin Ghaeilge' againn, nuair a iarrann muid ar na ranganna ar fad díriú ar níos mó Gaeilge labhartha neamhfhoirmeálta a úsáid, agus déanann muid níos mó gníomhaíochtaí trí Ghaeilge. Úsáideann muid na leabhair nua seo chun am scéalta sa bhreis a bheith againn as Gaeilge ar Mhaidin Ghaeilge.

Scoil Bhéarla, Gaillimh

Táimid tar éis 'am na Gaeilge' a thabhairt isteach sa scoil gach coicís, chun cur leis an taitneamh sa Ghaeilge - ní ceacht atá ann - ach don spraoi. Is féidir leis an múinteoir ranga na leabhair seo a léamh ag an am seo, agus an t-aon chuspóir amháin atá leis ná sult a bhaint as agus bheith páirteach. Is mór againn na hacmhainní seo chun é seo a dhéanamh.

Scoil Bhéarla, Muineachán

D'úsáid dhá scoil eile na leabhair chun spás léitheoireachta a dhéanamh do na páistí, agus chun leabharlann taistil a dhéanamh.

Chruthaigh muid áit ar leith sa scoil do na leabhair. Bhí na páistí páirteach sa dearadh.

Scoil Bhéarla, Dún na nGall

Rinne muid leabharlann taistil do na scéalta álainn a bhfuair muid sa Bhosca Leabharlainne ionas go mbeadh áit ar leith acu. Le linn Seachtain na Gaeilge d'úsáid na múinteoirí fiú níos mó é. Tá muid gann ar leabhair shimplí as Gaeilge.

Scoil shóisearach Bhéarla, Baile Átha Cliath

Tá tionchar ollmhór ag an tionscadal ar ghaelscoil DEIS i gCo. Dhún na nGall le 20-50 leabhar ina leabharlann scoile.

Tugann an tionscadal seo deis do na páistí féachaint ar ábhar scríofa nua, mar is scoil DEIS muid agus seachas seo ní bheadh na leabhair seo ceannaithe againn. Is dócha go gceapfaí go mbeadh nithe eile níos tábhachtaí. Seo eispéireas nach mbeadh ag na páistí gan bhronntanas na leabhar.

I ngaelscoil i dTuaisceart Éireann, spreag sé páistí a rogha féin leabhar Gaeilge a phiocadh le léamh don phléisiúr, mar bhí seilfeanna ar leith acu ina seomra ranga. I scoil eile, bhí na páistí ag roghnú leabhair Ghaeilge don léitheoireacht neamhspleách ar scoil, seachas leabhair Bhéarla.

Is breá leis na páistí scéalta nua agus seanscéalta a chloisteáil sa Ghaeilge. Le linn an ama 'Drop Everything and Read', tá páistí feicthe agam meallta leis na leabhair Ghaeilge.

Scoil Bhéarla, Lú

Thuairiscigh roinnt scoileanna tionchar suntasach ag na leabhair ar pháistí ar leith ina scoil. Scoileanna Béarla iad ar fad, agus i ndá chás b'iad na leabhair a mhúscail spéis na bpáistí sa Ghaeilge, den chéad uair, nó tar éis tamall.

Tá cailín amháin i Rang a Sé inár rang sinsearach de neamhord de chuid speictream an uathachais nach bpléann mórán leis an nGaeilge - bhí sí imeasctha sa ghnáthrang don Ghaeilge sna luathbhlianta ach ní raibh sé oiriúnach ina dhiaidh sin (mar a d'éirigh an t-ábhar níos dúshlánaí, chuir sé níos mó frustrachas uirthi, srl). Bhí príomhcharachtar i gceann de na leabhair lena hainm féin! Thug mé di é láithreach bonn agus léigh mé léi é, agus b'álainn ar fad an gliondar croí a mhothaigh sí. Chuaigh mé amach agus cheannaigh mé cóip eile den leabhar ina dhiaidh sin ionas gurbh fhéidir léi é a choimeád.

Scoil Bhéarla, Ciarraí

Chuir páiste amháin le díolúine Ghaeilge spéis ollmhór sna leabhair agus thosaigh páirt a ghlacadh sna ranganna Gaeilge.

Scoil Bhéarla, an Cabhán

Bhí páiste beag amháin, mar shampla, faoi gheasa go hiomlán ag na líníochtaí áille i leabhar amháin, agus bhí siad á lorg gach uair. Thug na scéalta iontacha fíorbhlaiseadh de litríocht na Gaeilge dóibh.

Scoil Bhéarla, Port Láirge

Thíos anseo tá rogha teistiméireachtaí a tháinig isteach ó na scoileanna faoi thionchar dearfach an Bhosca Leabharlainne. Thagair thart ar deich scoil Bhéarla do thábhacht Sheachtain na Gaeilge chun tús a chur le húsáid na leabhar sa seomra ranga, an úsáid sin a dhaingniú, agus aird a tharraingt ar thábhacht na leabhar féin:

Bhí sé in úsáid againn sa rang le go dtig le daoine a chríochnaigh an obair go luath leabhar Gaeilge a léamh agus go bhfuair siad pointe breise sa chomórtas ranga as leabhar Gaeilge a roghnú!

Scoil Ghaeilge, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann

Fuair muid acmhainn chruthaitheach, iontach uaibhse. Bhain na gasúir sult as a bheith ag féachaint ar na leabhair, agus as a bheith ag léamh na leabhar a raibh siad in ann dóibh. Tá léitheoireacht Ghaeilge sa leabharlann á cur chun cinn againn. Cabhraíonn acmhainní mar seo chun go dtuigeann na páistí go bhfuil an méid céanna taitnimh le baint as leabhair Ghaeilge is atá as leabhair Bhéarla ... Cúis áthais a bheidh sna leabhair seo agus muid ar ár gcompond le léitheoireacht sa Ghaeilge.

Scoil Bhéarla, Maigh Eo

Is acmhainn iontach í agus déanann sé léamh na leabhar as Gaeilge mealltach agus taitneamhach.
Scoil Bhéarla, Corcaigh

Thug an Bosca Leabharlanna an-spreagadh do na múinteoirí agus na daltaí. Bhí na leabhair an-mhealltach agus bhí níos mó suime ag na daltaí a bheith ag léamh as Gaeilge.

Scoil Bhéarla, Baile Átha Cliath

Bhí caighdeán na leabhar thar cinn, agus thug sé orm athmhachnamh a dhéanamh ar rochtain ar léitheoireacht Ghaeilge inár scoil

Scoil Bhéarla, Ciarraí

D'úsáid mé na leabhair ar dtús i rith Sheachtain na Gaeilge agus léigh mé scéalta do na ranganna. Chonaic na múinteoirí an tsuim a bhí ag na páistí sna scéalta agus leanadar leo ó shin ar aghaidh - tá triúr nó ceathrar múinteoirí anois ag úsáid na scéalta go laethúil sa rang.

Scoil Bhéarla, Cill Mhantáin

I scoil mhór, cosúil lenár scoilsa, tá sé deacair an cultúr a chruthú chun léitheoireach trí Ghaeilge a chur chun cinn. Is próiseas é agus ceapaim go bhfuilimid ag tús na bealaí. Obair idir lámhe atá ann ach ós rud é go bhfuil na leabhair againn tá súil agam go mbeimid éifeachtach inár n-iarrachtaí.

Scoil Bhéarla, Ros Comáin

Dúirt múinteoirí a bhí páirteach i ngrúpa fócais i scoil Bhéarla go raibh an Bosca Leabharlainne tar éis síol a chur sa scoil. Tá tionchar dearfach aige agus tá cúinne Gaeilge sa leabharlann faoi chaibidil acu anois, áit ar féidir níos mó leabhar Gaeilge a chur ann gach bliain. Tá deichniúr páistí acu ar choiste don Ghaelbhrtach, scéim a thugann tacaíocht agus spreagadh do scoileanna agus iad ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn, agus is cabhair iontach an Bosca Leabharlainne dó seo.

Pleananna na scoileanna cur leis an mBosca Leabharlainne

Dúirt tromlach ollmhór de na scoileanna go raibh siad ag súil le cur leis an mbosca gach bliain. As an 151 scoil a d'fhreagair an cheist seo, dúirt 130 go mbeadh siad ag cur leabhar eile leis an bhliain seo chugainn, nó go raibh siad tar éis tús a chur le leabhair a ordú. Bhí sé i gceist ag scoileanna áirithe sraitheanna ranga de leabhair ar leith a cheannach, agus luaigh scoileanna eile áiteanna speisialta a chur ar fáil, cúinne léitheoireachta nó roinn leabharlainne a bunaíodh mar chuid den scéim.

Gan dabht, déanfaimid é, anois agus roinn Ghaeilge againn.

Scoil Bhéarla, Tiobraid Árann

Tá súil againn tuilleadh pictiúrleabhar a chur sa seomra sóisearach, agus taighde a dhéanamh mar gheall ar ghreannáin nó úrscéalta grafacha a bheith ar fáil do na ranganna sinsearacha.

Scoil Bhéarla, Dún na nGall

Geallaim duit! Tá sé seo tar éis muid a spreagadh chun rogha leabhar Gaeilge níos fairsinge a chur leis.

Scoil Bhéarla, Baile Átha Cliath

Tá orduithe leabhar curtha isteach agam cheana!

Scoil Bhéarla, Corcaigh

Beidh muid ag cur leis an mBosca Leabharlainne gan dabht.

Scoil Bhéarla, Uíbh Fhailí

Beidh. Ach go háirithe do na páistí sa mheánghrúpa/mheánleibhéal. Aois 8-10.
Scoil Bhéarla, Dún na nGall

Beidh muid ag faire amach do leabhair nua sa Ghaeilge a chuirfidh le saibhreas na n-eispéireas a bhíonn ag na páistí.

Gaelscoil, Cill Mhantáin

Tá súil agam, ach níl cead againn ceannach ach ó soláthróirí áirithe, agus tá sé deacair leabhair Ghaeilge ar ardchaighdeán a aimsiú tríd ár soláthróirí.

Scoil Bhéarla, an Mhí

Thuairiscigh líon beag scoileanna go raibh a ndóthain leabhar acu anois ón tionscadal, agus go n-úsáidfidís na leabhair sin sula gceannóidís tuilleadh don scoil.

I bhfírinne ... is dócha ní an bhliain seo chugainn ... faoi láthair tá 25 againn, agus tá líon na bpáistí de náisiúntachtaí éagsúla ag méadú inár scoil iontach tuaithe de dhíreach níos mó ná 300 dalta. Caithfidimid cuid den mhaoiniú litearthachta don bhliain seo chugainn ar athchóiriú dár leabharlann sheanchaite, agus déanfaimid iarracht leabhair a aimsiú a chuimsíonn na náisiúntachtaí sa scoil.

Scoil Bhéarla, Tiobraid Árann

Tá ár ndóthain againn anois don nóiméidín ar aon nós.

Scoil Bhéarla, Liatroim

Déanfaidh mé iarracht na cinn atá agam a úsáid chomh maith agus is féidir an téarma seo chugainn, agus fan go bhfeicfidh mé conas a éireoidh liom.

Scoil Bhéarla, Gaillimh

Tá an tionscadal tar éis bheith mar spreagadh do scoileanna cur lena leabhair Ghaeilge mar acmhainn sa seomra ranga agus tá na scoileanna ag glacadh go fonnmhar le deiseanna a stór leabhar a mhéadú.

Aiseolas ar na leabhair

Istigh i ngach bosca bhí cúig leabhar is fiche, bunleabhair den scoth iad ar fad, a roghnaigh Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn. Bhí dhá chineál bosca ann: ceann amháin do ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, agus ceann eile do scoileanna Béarla, ag aithint nach ionann an léibhéal teanga sa dá chineál scoile. Bhí fiche teideal ar leith sa dá chineál bosca, agus cúig leabhar a bhí oiriúnach do chách, agus istigh sa dá bhosca. Fuair gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta an dá chineál bosca, caoga leabhar san iomlán i ngach scoil. Anseo thíos tá aiseolas faoi na buntáistí agus faoi na míbhuntáistí a bhain le cóip amháin de gach leabhar a bheith ann seachas sraitheanna ranga nó roinnt cóipeanna de gach leabhar:

Na buntáistí a bhaineann le rogha de 25-50 leabhar

- Rogha den scoth do mhúinteoirí agus do dhaltá
- Léiríonn sé an réimse leabhar Gaeilge atá foilsithe
- Oiriúnach do réimse fairsing spéiseanna, aoiseanna agus léibhéal léitheoireachta
- Is féidir plé leis na leabhair i mbealaí éagsúla thar thréimhse fhada
- Deiseanna do na múinteoirí an leabhrán gníomhaíochta a úsáid arís agus arís eile
- Chuir sé rogha leathan leabhar ar théamaí iomadúla ar fáil do na healaíontóirí cónaithe.

Na míbhuntáistí a bhaineann le rogha de 25-50 leabhar

- Tá an t-eispéireas leis an leabhar teoranta do dhalta amháin nó péire; luaigh scoil amháin go raibh 'na leabhair iontach ar fad, ach bheadh níos mó cóipeanna ag teastáil chun tionchar a bheith acu. Cabhróidh sraitheanna ranga de litríocht den scoth spéis agus comhpháirtíocht níos mó a mhúscailt.'
- Deacair leabhair aonair a roinnt sna ranganna ar fad.
- Bhí scuaine daltaí ann do na leabhair ba mhó tóir
- Chuir sé dúshlán roimh na healaíontóirí cónaithe agus iad á n-úllmhú do na cuairteanna; den chuid is mó léigh na healaíontóirí na cúig leabhar is daichead.

Dúirt ealaíontóir cónaithe amháin go raibh na leabhair mar chroí an tionscadail, agus nuair a shroich siad an scoil, bhí sé ar nós bosca taisce ag teacht.

Mar is léir ón méid a dúirt na páistí le linn na gceardlann taighde, bhí baint nach beag ag áilleacht na leabhar le rath an Bhosca Leabharlainne. Mura raibh léaráidí láidre i leabhar, agus dearadh clúdaigh suntasach leis, is go hannamh a roghnaíodh léitheoir óg é. Bhí clúdach agus teideal an leabhair tábhachtach do na páistí, ach go háirithe dóibh siúd nach raibh taithí acu ar ábhar na leabhar. Spreagadh na páistí chun na leabhair a fhiosrú sa chéad dul síos, agus ina dhiaidh sin freisin, toisc go raibh na leabhair ildaite, mealltach agus ar ardchaighdeán. Beidh tábhacht na gclúdach spéisiúil d'earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge.

Bhí tionchar ag na clúdaigh agus na léaráidí ar na páistí láithreach bonn, ba mhaith leo na leabhair a fheiceáil agus a bheith ag méirínteacht leo. Ar dtús b'ín an rud a chur ag féachaint orthu iad, agus á léamh.

Scoil Bhéarla, an Cabhán

Don chuid is mó dár ndaltaí is ábhar í an Ghaeilge a bhfuil orthu é a dhéanamh, agus níl sí beo taobh amuigh den seomra ranga. Oscailt súl atá ann dóibh nuair a thuigeann siad go bhfuil leabhair Ghaeilge ann nach bhfuil baint ar bith acu leis an scoil.

Scoil Bhéarla, Muineachán

Nuair a cuireadh ceist orthu mar gheall ar na trí leabhar ab ansa leo ón mbosca le húsáid leis na páistí, de na scoileanna a d'fhreagair d'ainmnigh 82 a chéad rogha, d'ainmnigh 77 dara rogha leis, agus 70 tríú rogha freisin. Dúirt scoileanna eile go raibh na leabhair ar fad fóinteach, nó nach raibh leabhar ar leith a sheas amach, nó go raibh na pictiúrleabhair agus na leabhair do pháistí óga na cinn is fóintí, mar shampla. I measc na leabhar is ansa leis na scoileanna bhí, *Bliain na nAmhrán*, *Caoimhe agus an Bogha Baistí*, *Geansaí Ottó* agus *Rita agus an Lampa Draíochta*. An leabhar ab ansa leis na scoileanna SEC ná *Bliain na nAmhrán*, le *Cluasa Capaill ar an Rí* agus *An Féileacán agus an Rí* ina dhiaidh. An leabhar ab ansa leis na healaíontóirí iad féin ná *MÍP* agus ina dhiaidh *Scunc agus Smúirín*, *Percy Péacóg*, *An Táin*, *An Eala Órga*, *Cluasa Capaill ar an Rí* agus *An Féileacán agus an Rí*.

Thug múinteoirí i ngrúpa fócais amháin i scoil Bhéarla faoi deara gur éirigh níos fearr le scéalta a bhí ar eolas ag na páistí, nó le leabhair ghreannmhara. Deimhníonn an suirbhé é seo: de na scoileanna a d'fhreagair an suirbhé, roghnaigh cearthrú díobh *Cinnín Óir agus na Trí Bhéar* – athinsint le hÁine Ní Ghlinn ar *Goldilocks and the Three Bears*, maisithe ag Laura Jane Phelan – mar an leabhar ab ansa leo. Nuair a fiafraíodh díobh ar chur an Bosca Leabharlainne le taitneamh na bpáistí sa Ghaeilge, d'fhreagair scoil amháin le tagairt ar leith don leabhar seo agus cé chomh luachmhar is a bhí sé an scéal a bheith ar eolas acu cheana. Dúirt scoile eile:

Tá na páistí óga sa scoil agamsa, mar sin, thaitin sé go mór leo agus muid ag déanamh Cinnín Óir agus na Trí Bhéar, mar go raibh an scéal clúdaithe againn sa Bhéarla, agus rinne siad an ceangal, agus thuig gurbh fhéidir leis a bheith sa Ghaeilge freisin. Bhí an-mhisneach acu mar thuig siad an scéal sular chas muid an chéad leathanach eile. Taitníonn an rím agus an t-athrá agus dráma a dhéanamh as na scéalta.

Scoil Bhéarla, Corcaigh

Is é Cinnín Óir ceann de na leabhair a thaitníonn go mór leis na páistí. Rinne siad dráma as agus chuir siad ar siúl domsa é mar Phríomhoide. Tá na páistí tar éis níos mó Gaeilge labhartha a fhoghlaim ná mar a d'fhoghlaim siad ón gclár a úsáideann muid. Tá teagasc na Gaeilge sa scoil tagtha chun beatha.

Scoil Bhéarla, Baile Átha Cliath

Tá na leabhair go h-álainn. Thaitin an scéal Cinnín Óir agus na Trí Bhéar go mór leis na ranganna naíonán mar gheall ar an ngreann atá sa scéal agus cé chomh dána is a bhí an cáilín óg. Bhí trua acu do Bhábaí Béar.

Scoil Bhéarla, Gaillimh

Nuair a fiafraíodh de na páistí sna grúpaí fócais cé hiad na húdair is fearr leo, d'ainmnigh siad údair a bhfuil an-tóir ar a saothar anois is riamh, nó údair mór-ráchairte. Nuair a fiafraíodh díobh cé hiad na húdair Ghaeilge is fearr leo, ní raibh siad in ann údair a lua, ach teidil, agus bhí na leabhair sin ar fad sa Bhosca Leabharlainne (seachas sraitheanna cosúil leis an tsraith Rita le Máire Zepf agus Mr Ando). Is léir go bhfuil teacht ar na leabhair seo ag cabhrú leis na páiste bheith ar an eolas mar gheall ar leabhair atá ar fáil sa Ghaeilge, agus a n-údair.

Dúirt múinteoir amháin i ngrúpa fócais i ngaelscoil, gur dúshlán a bhí ann, mar nuair a bhí tuismitheoirí nó caomhnóirí ag iarraidh cur le léitheoireacht a ngasúir sa Ghaeilge, go minic, cheannaigh siad aistriúchán ar shraith leabhar a bhí á léamh acu cheana. Dúirt siad go raibh sé i bhfad níos fearr 'go bhfuil siad ag léamh leabhar nach aistriúcháin iad, agus go bhfuil [bun]leabhair [Ghaeilge] ar fáil atá spéisiúil dóibh, nach bhfuil ró-chasta, agus atá ar léibhéal a oireann dóibh. Cheap mise go raibh sé sin go hiontach.'

I gceann de na grúpaí fócais do na páistí, bhí sé soiléir ón dtús gurb é *MÍP* an leabhar agus an carachtar ab fhearr leis na páistí. Bhain sé sin leis an gcaidreamh a bhí cheana acu leis an údar, agus leis an leabhar féin. Bhí údar an leabhair, Máire Zepf, mar ealaíontóir cónaithe acu, agus mhínigh an múinteoir go raibh sceitimíní ar na páiste a fháil amach go raibh *MÍP* bunaithe ar fhíorscéal, agus bhí siad in ann cruthú an leabhair a fhiosrú le Máire. Roghnaigh níos mó ná leath den rang *MÍP* a léiriú ina bpictiúir nó ina saothair chré; den chuid is mó *MÍP* amháin a léirigh siad, ach léirigh roinnt acu leabhair eile. Den ghrúpa de cúig dhalta is fiche, shocraigh naoi déag acu *MÍP* a thaispeáint i bpictiúr amháin nó níos mó.

I ngaelscoil amháin, dúirt múinteoir Rang a Trí gurb é *MÍP* an leabhar ab fhóintí lena rang, dar léi:

*Mar go bhfuil spéis acu sa spás, agus nach raibh inscne ar leith bainteach leis, thaitin sé go mór le gach éinne sa rang. Bhí sé an-mhaith freisin dóibh siúd le deacrachtaí léitheoireachta mar go raibh a lán béime ar na pictiúir sa leabhar sin, agus bhí siad in ann an scéal a thuiscint ar aon nós. Tháinig físeán leis an leabhar freisin, agus bhí sé sin an-áisiúil freisin mar rud beag sa bhreis. De na leabhair ar fad, ba é *MÍP* an leabhar ab fhearr leo. Bhí siad fós á phlé dhá lá ina dhiaidh sin, cé chomh maith is a bhí an leabhar sin, agus b'in réalta ár ranga!*

Dúirt múinteoir eile sa ghrúpa fócais gur thaitin *An Táin* leis na páistí níos sine:

Mar is cineál úrscéal grafach é agus an saghas ruda a bheas siad ag léamh iad féin ar aon nós. Tá spórt istigh sa leabhar freisin, agus tá go leor buachaillí i mo rangsa an-tógtha leis an bpeil, agus thaitin sé sin go mór leo freisin, cas éagsúil ar an scéal, b'fhéidir.

Sa ghrúpa fócais céanna, phléigh na múinteoirí *Jimín Mháire Thaidhg* le Pádraig Ó Siochfhradha, maisithe ag Andrew Whitson – ceann de na leabhair is dúshlánaí a d'úsáid an t-ealaíontóir cónaithe le Rang a Trí.

Bhí an teanga chomh deacair agus dúshlánach dóibh, bhí ar ár ealaíontóir cónaithe an léitheoireacht a stopadh agus a mhíniú dóibh, céard go díreach atá scríofa anseo, céard is ciall leis seo, agus cé go bhfuil sé go hiontach ó thaobh sealbhú teanga de, cultúr de, agus chuile rud, ní raibh an méid sin aird acu ar an leabhar sin is a bhí ar na leabhair eile mar go raibh an teanga chomh deacair, agus fiú ag an deireadh nuair a bhí sí ag cur ceiste, ag cinntiú go raibh an tuisceant sin acu, bhí fós grúpa beag nach raibh 100% ó thaobh cad a tharla, agus cén deireadh a bhí leis.

Ach bhí an leabhar seo an-fhóinteach le grúpa níos sine i ngeailscoil eile.

Thaitin an leabhar Jimín go mór linn. Táim ag smaoineamh ar an leabhar sin a fháil mar úrscéal ar bhonn ranga do Rang a Sé. Tá sé deacair úrscéalta taitneamhach ar an léibhéal ceart a fháil do Rang a Sé i nGaelscoil.

Gaelscoil, An Mhí

Bhí roinnt leabhar dúshlánach do na daltaí, dar le múinteoirí nó scoileanna. I thart ar cheathrú de na scoileanna Béarla, bhí na húrscéalta ró-dheacair dar leis na scoileanna. Mhínigh an grúpa fócais sa scoil Bhéarla nach raibh siadsan in ann na húrscéalta a úsáid.


Ní raibh na húrscéalta chomh húsáideach mar tá ár bpáistí ar aois a ceathair go haois a hocht.

Scoil Bhéarla, Baile Átha Cliath

Tá na húrscéalta fada i bhfad ró-dheacair dár bpáistí. Gan mórán pictiúr, is deacair a n-aird a choimeád.

Scoil Bhéarla, Corcaigh

I scoil eile ina ndearnadh ceardlann taighde, thaitin an gné shamnasach den scéal go mór le beirt bhuachaillí a bhí ag obair ar phictiúir de *Oileán na nDraoithe* le Proinsias Mac a'Bhaird, maisithe ag Caomhán Ó Scolaí. Tharraing siad beirt na ceithre radharc chéanna, ina n-athinsint ar an scéal, le téacs díreach mar a chéile freisin. An eachtra ba mhó a thaitin leo, agus a roghnaigh siad le déanamh i marla, ná próca lán le súile caorach curtha ar an mbord, a bhí le hithe ag an bhfeirmeoir.



Oileán na nDraoithe, athinsint i gceithre radharc. Buachaill, aois 11, Rang a Cúig

D'inis ealaíontóir cónaithe amháin faoin ngliondar a bhí ar na páistí nuair a tháinig siad ar leabhar a bhí cheana ar eolas acu, nó a raibh cóip de acu féin. Nuair a tharla sé seo, d'iarr an t-ealaíontóir ar an bpáiste an scéal a insint dá gcomrádaithe sa rang sular thosaigh siad á léamh. Chuir sé seo leis an ngealadhram, agus lig sé don pháiste sin bheith i gcoilár an eispéiris léitheoireachta. Chuaigh *Clusa Capaill ar an Rí* I bhfeidhm go mór ar na páistí sa scoil seo, mar bhí sé scríofa ina gcanúint féin. Thaispeáin an t-ealaíontóir cónaithe dóibh an baile beag arb as don údar, Bridget Bhreathnach, trasna an chuain, agus bhí an-spéis acu sa ghné seo de. Cé gur luaigh roinnt scoileanna Béarla sa suirbhé ginearálta go raibh an leabhar seo deacair do na daltaí, bhí sé fóinteach, dar le roinnt eile, agus dúirt scoil amháin gur air seo a dhírigh siad go príomha:

D'úsáid muid Clusa Capaill ar an Rí i mo rangsa. Bhí cóip chrua ar fáil sa Bhosca Leabharlainne, agus ansin b'ín ceann de na leabhair saor in aisce ar Lá Domhanda na Leabhar, mar sin, d'ordaigh muid ceann amháin do gach páiste agus rinne muid staidéar air le chéile, cosúil le húrscéal. Bhain siad an-taitneamh as agus d'fhéach siad air mar shíscéal comhaimseartha.

Scoil Bhéarla, Gaillimh

Thaispeáin grúpa fócais amháin i ngeailscoil i dTuaisceart Éireann, go raibh éagsúlacht a dhóthain sa Bhosca Leabharlainne chun freastal ar réimse spéiseanna na bpáistí, idir fhicsean agus neamhfhicsean, fhantaisíocht agus réalachas, cé go raibh na spéiseanna sin ar fad éagsúil lena chéile. An saghas leabhair ab ansa leo i gcónaí a mheall na páistí, agus toisc go raibh éagsúlacht sa bhosca, bhí cóip de gach saghas leabhair ann.

**Leabhair le
coimeád**



Leabhair le coimeád

Tháinig maoiniú breise de €116,000 ó Fhoras na Gaeilge ag deireadh 2021, agus cinneadh rud éigin 'sa bhreis' a dhéanamh do na 21 scoil a bhí ealaíontóir cónaithe acu, mar bhí siadsan tar éis dul trí phróiseas roghnúcháin mionsonraithe cheana. D'fhoilsigh The National Literacy Trust taighde in 2021 bunaithe ar Lá Domhanda na Leabhar a thaispeáin cé chomh tábhachtach is atá sé do pháistí leabhar a bheith acu le coimeád. Do líon mór páistí, seo a gcéad uair mar úinéir leabhair, agus b'fhéidir, tús dá n-aistear le bheith ina léitheoir ar feadh a saoil. Bhí an maoiniú breise ina dhá chuid, an chéad chuid ag tógáil ar an tábhacht do pháistí bheith mar úinéirí leabhar – fuair gach páiste i ngach scoil dhá leabhar le coimeád iad féin, leabhar amháin le hÁine, agus an dara leabhar le húdar eile. Roghnaigh Áine na leabhair seo do na páistí, briste síos rang ar rang. Freisin fuair na scoileanna líon suntasach de leabhair eile; i bhfírinne 'leabharlann' bheag. Bhí na 'leabharlanna' bunaithe ar liostaí ó na céimeanna luatha den Bhosca Leabharlainne, agus ar mholtaí Áine.

Bhí na leabhair le coimeád mar chuid thábhachtach den tionscadal agus féacadh orthu mar gné lárnach den eispéireas iomlán den Bhosca Leabharlainne mar a mhínigh dhá scoil:

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh go léir ó bhun mo chroí. Bhí an scéim seo ar fheabhas. Bhí na páistí chomh sásta lena gcuid leabhar le coinneáil, agus tá feabhas mór tagtha ar leabharlann na scoile anois mar gheall ar an raon leathan leabhar a tugadh dúinn. Bhí Réaltán ar fheabhas mar ealaíontóir cónaithe linn. Is cinnte go gcabhróidh an scéim le spreagadh a thabhairt do na páistí níos mó leabhar i nGaeilge a léamh agus iad a roghnú sa siopa as seo amach.

Gaelscoil, Co. na Mí

Bhí an-áthas orainn páirt a ghlacadh sa scéim An Bosca Leabharlainne anuraidh. Ceann de na rudaí ba dheise leis na gasúir ná na leabhair a tugadh dóibh féin le coinneáil sa mbaile. Nuair a chonaic na tuismitheoirí an réimse leabhar álainn, ildaite a chuaigh abhaile, bhí siad an-tógtha ar fad leo. Tá súil agam anois go mbeidh i bhfad níos mó suime sna leabhair Ghaeilge. Feicim fhéin, go bhfuil na páistí ag roghnú leabhair Ghaeilge ó leabharlann na scoile níos minice ná mar a bhíodh.

Bhí na leabhair iad fhéin an-taitneamhach agus bhí meascán d'úrscéalta, filíocht agus gearrscéalta iontu. Tugann sé seo an-chúnamh dúinn agus muid ag tabhairt tús áite don Ghaeilge faoin scéim Aitheantas Gaeltachta, agus tuigeann na tuismitheoirí anois gur teanga bheo, bhríomhar í agus go bhfuil áiseanna ar fáil dóibh, agus dúinn ar fad chun í a láidriú agus a shaibhriú.

Gaelscoil, Co. na Gaillimhe

Bhí buntáistí fadtéarmacha ann don scéim, mar thairbhe ar leabhair a bhronnadh ar na páistí le coimeád, mar a mhínigh scoil amháin:

Bhain na páistí sa scoil seo an-sult agus an-tairbhe go deo as an scéim seo.

Bhí ríméad orthu na leabhair a fháil le coinneáil, is cinnte gur ardaigh sé seo spéis na bpáistí sna leabhair Ghaeilge. Thar aon rud, chothaigh an scéim feasacht, is measc na bpáistí, agus i measc na múinteoirí, ar an méid mór leabhar iontach álainn atá ar fáil trí mheán na Gaeilge do gach aoisghrúpa bunscoile.

Míle buíochas arís as scéim den scoth!

Gaelscoil, Co. Chill Mhantáin

Thug scoil amháin faoi deara go raibh na leabhair le coimeád níos tábhachtaí do na páistí óga ná do na páistí níos sine. Thóg siad air sin, agus bhronn siad leabhair ar pháistí a bhí chun tosú ar scoil ar ball:

An gcreidfeá gur inniu a bhí mé ag caint leis na páistí faoi na leabhair áille a fuair muid anuraidh! Tá Rang a Trí agam i mbliana agus creidim go ndeachaigh na leabhair a chuaigh abhaile i bhfeidhm níos mó ar na bunranganna ná na hardranganna.

Thug muid ceann de na leabhair a bhí ceaptha do na naíonáin do na gasúir a tháinig isteach don Lá Oscailte na Naíonán nua. Cheapfá gur ór a tugadh dóibh!

Go raibh míle maith agaibh arís as ucht bhur bhflaithiúlacht, tá muid fíorbhuíoch.

Gaelscoil, Co. na Gaillimhe

Ealaíontóirí cónaithe



Ealaíontóirí cónaithe

Roghnaíodh fiche is a haon scoil chun ealaíontóirí cónaithe a bheith acu. Roghnaíodh na healaíontóirí féin bunaithe ar phróiseas iarratais a chuireadh ar bun i mí na Samhna 2021. Ag deireadh an phróisis ní raibh a dhóthain ealaíontóirí earcaithe, agus rinneadh teagmháil le roinnt ealaíontóirí eile chun cur le líon na n-ealaíontóirí agus ionas nach mbeadh cearn éigin den tír gan éinne ar fáil. Cuireadh conradh ar bun do gach ealaíontóir a mhínigh céard a bhí i gceist. Bhí 7.5 lá oibre ann do gach scoil, am ullmhúcháin san áireamh, má bhain. Bhí cur chuige an-struchtúrtha ag roinnt ealaíontóirí. Roinn cuid acu na laethanta amach, scartha óna chéile, fad is a rinne cuid eile acu iad ar fad le chéile. Bhí an tsaoirse sin acu.

Sa suirbhé tosaigh, chreid 80% de na scoileanna seo go gcuirfeadh an Bosca Leabharlainne go mór lena gcumas an léitheoireacht don spraoi i nGaeilge a chur chun cinn, agus chreid 20% go gcuirfeadh sé píosa lena gcumas. Sa suirbhé deiridh, mhéadaigh líon na scoileanna a thuiriscigh gur chuir sé go mór lena gcumas go 94%, agus dúirt an 6% eile gur chuir sé píosa leis, ag léiriú go raibh an Bosca Leabharlainne fiú ní b'fhéarr ná mar a cheap siad go mbeadh sé.

Cheap 85% de na scoileanna gur gné an-chabhrach den tioscadal ab ea scéim na n-ealaíontóirí cónaithe, agus cheap 15% gur gné mheasartha chabhrach ab ea í. Ní raibh cuairteanna an ealaíontóra tosaithe i roinnt scoileanna agus an suirbhé á líonadh isteach acu, agus luaigh siadsan gur deis den scoth a bheadh ann do na páistí, nó go spreagfadh sé an rang machnamh a dhéanamh ar shaol an údair. Luaigh scoil eile, ina raibh na cuairteanna tosaithe le déanaí:

Níl ach dhá chuairt críochnaithe faoin am seo, ach tá sé soiléir cheana go bhfuil tionchar an-dearfach ar na páistí, go bhfuil gach aoisghrúpa ag baint an-taitneamh agus an-tairbhe as na cuairteanna. Bíonn siad ag caint mar gheall ar na cuairteanna/leabhair ar scoil agus sa bhaile. Gaelscoil, Cill Mhantáin



Sa phictiúr: Muireann Ní Chíobháin, Ealaíontóirí cónaithe agus daltaí Gaelscoil Phóirt Láirge.

Sa suirbhé deiridh, luaigh 88% de scoileanna go raibh an t-ealaíontóir cónaithe an-chabhrach, agus 12% go raibh sé measartha cabhrach. Mhínigh dhá scoil an méid a chuir a n-ealaíontóir féin i gcrích:

Bhí Sadbh go hiontach leis na gasúir. Chuir sí síolta leo. Chuir sí ag scríobh scéalta beaga leo féin iad. Chuir sí na gasúir ó na ranganna sinsearacha le hobair a dhéanamh leis na gasúir sna bunranganna. Bhí sí an-dearfach mar gheall ar litríocht Ghaeilge, agus mhúscail sí spéis agus fonn ionainnse agus sna gasúir.

Gaelscoil, Baile Átha Cliath

Eispéireas ar leith gan dabht do pháistí na scoile agus iad ag obair leis an draíodóir ealaíne, Diarmuid de Faoite, le chéile leis an scoil. Léargas draíochta ar na leabhair a tugadh dár léitheoirí óga thar thréimhse ocht seachtaine.

Gaelscoil, Clare

Bhí ealaíontóir cónaithe ag an dá ghrúpa taighde, agus ba léir gur fhéach na páistí air seo mar chuid lárnach dár dtaithe leis na leabhair a thabhairt chun beatha - ní dúirt ach páiste amháin as daichead is a naoi nach cur chuige fóinteach a bhí ann chun na leabhair a thabhairt chun beatha. Luaigh páistí sna ceardlanna taighde go raibh sé níos éasca na leabhair a thuiscint nuair a léigh an t-ealaíontóir cónaithe iad; nuair a bhí na focail deacair, rinne siad dráma beag den mhír chun iad a mhíniú. Luaigh siad greann in insint nó léamh na scéalta. Dúirt páiste amháin: 'Thug sé gach rud chun beatha.'

Cheap na múinteoirí sa ghrúpa fócais sa ghaelscoil, go raibh luach ar leith ag an ealaíontóir cónaithe chun an léitheoireacht don spraoi a scaradh ón gcuraclam agus ó theagasc agus foghlaim.

Dúirt sí nach múinteoir bunscoile ise, agus nach raibh peann dearg ina póca, agus ar ndóigh dá bharr bhain na páistí taitneamh as na leabhair a léamh. Chothaigh sé sin an spéis agus rinne siad na gníomhaíochtaí le fonn mar sin. Dúirt sí ón tús nach raibh sí ag iarraidh ceacht scoile a dhéanamh as, agus is rud thar a bheith tábhachtach é sin mar nuair a fheiceann siad muide ag teacht isteach sa rang, is ceacht ranga é, is cuma cé chomh spráúil, is múinteoirí muid, sin an dearcadh atá ann, so cinnte déanann sé an t-uafás difríochta nuair atá duine nach múinteoir iad ag teacht isteach.

Dúirt na múinteoirí céanna go raibh dearcadh an ealaíontóra ar conas leabhar a dhéanamh an-luachmhar freisin:

Bhí sí ag insint dúinn cad as a tháinig an spreagadh sin, an chlann, agus scéalta ó bhí sí féin óg, agus bhí sé go hálainn dúinne agus do na páistí a chloisteáil cad as ar tháinig na smaointe seo, agus an chaoi a chuir sise tús leis an scríbhneoireacht, agus tá sé sin chomh luachmhar, ní bheadh sé sin againn féin i gcónaí, bhí sé go hálainn é sin a chloisteáil uaithi é.

Thuairiscigh ceann amháin de na scoileanna ina raibh Máire Zepf mar ealaíontóir cónaithe go raibh sceitimíní ar na páistí nuair a chuala siad an fíorscéal ba bhun le *MÍP*, agus nuair a scaoil Máire leis an rún go mbeadh leabhar eile sa tsraith ar na bacáin sular foilsíodh é. Luaigh ealaíontóir eile gur chúis spéise do na daltaí an próiseas chun leabhar a dhéanamh.

Measaim gur an bua is mó a bhain leis an ealaíontóir cónaitheach ná go raibh sé spésiúil agus tabhachtach do na daltaí (agus na múinteoirí) bualadh le duine a bhíonn ag obair i gcruith leabhair agus a bheith ábalta cuid den phróiseas a bhaineann leis a dh'fheiscint agus a phlé agus a thuiscint gur féidir le héinne é seo a dhéanamh iad féin má tá spéis acu ann.

Dómhna Ó Bric

Cheap an chuid is mó de na scoileanna SEC go raibh na físeáin a rinne na healaíontóirí an-chabhrach (65%), 30% go raibh siad réasúnta cabhrach, agus 5% go raibh siad píosa beag cabhrach. Luaigh scoil amháin nach raibh seans acu go fóill féachaint orthu. Bhí aiseolas éagsúil sa suirbhé ginearálta, níor cheap ach 22% go raibh na físeáin an-chabhrach, cheap 37% go raibh siad réasúnta cabhrach, 29% go raibh siad ábhairín cabhrach agus 11% nach raibh siad cabhrach. Ba chóir a lua, áfach, go ndúirt leath de na freagróirí nach raibh na físeáin feicthe acu, nó nár imigh siad isteach chucu go fóill, nó nach raibh siad ar an eolas mar gheall orthu. Dúirt roinnt scoileanna go raibh siad ag súil le féachaint orthu leis na páistí an chéad téarma eile.

Bhí caidreamh éagsúil ag na healaíontóirí leis na scoileanna; ag brath ar a saineolas féin, tháinig siad ar bhealaí cruthaitheacha chun na leabhair a roinnt agus chun plé leis na daltaí. Thosaigh ealaíontóir amháin, Jackie MacDonncha, gach seisiún ag léamh roinnt de na leabhair os ard do na páistí, nó léadh na páistí ar a seal. Dúirt sé gur thaitin sé go mór leo ar fad bheith ag léamh os ard agus shíneadh siad an lámh amach le fonn chun greim a fháil ar an leabhar agus a seal féin ann. Rinne siad aisteoireacht freisin ar chodanna de na leabhair, ach go háirithe agus comhrá i gceist. Roghnaigh ealaíontóir eile téama do gach seisiún. Agus an spás mar théama don seisiún, mar shampla, phiocadh sé amach leabhair ar an téama seo a bheadh oiriúnach do gach aoisghrúpa, ó naíonáin go Rang a Sé.

Luaigh múinteoirí agus ealaíontóirí cónaithe araon téamaí, agus bealach fóinteach a bhí ann chun na leabhair a fhiosrú. Dúirt múinteoir amháin a bhí mar chuid de ghrúpa fócais i scoil Bhéarla go raibh *Mamó ar an Fheirm* le Mary Arrigan an-chabhrach, mar bhí téama na feirme, an bhia agus an tsaoil amuigh faoin aer ag teacht leis an gcuraclam. Thaitin na léaráidí agus an greann go mór leis na páistí, mar shampla nuair a cheap an bhean gurbh fhéidir bó a bhleán tríd an eireaball a chasadh. Thuig na páistí gurbh fhéidir leabhar a scríobh mar gheall ar rud ar bith, agus réimse leabhar ar théamaí éagsúla ar fáil dóibh.

Bhí na healaíontóirí díograiseach, dúthrachtach ina gcuid oibre sna scoileanna, ag déanamh a seacht ndícheall chun go n-éireodh leis an mBosca Leabharlainne. Thug ealaíontóir amháin, Muireann Ní Chíobháin, leabhar gearrthóg isteach do Rang a Cúig agus a Sé, ionas gurbh fhéidir leo colláis a dhéanamh de na pictiúrleabhair ar fad a bhí léite acu. Dearadh an colláis ar iPad, agus cuireadh an leabhar deireanach comhoibríoch isteach sa Bhosca Leabharlainne mar ionchur na bpáistí don leabharlann. Bhunaigh an t-ealaíontóir céanna 'Café au Léamh' sa dá scoil dá cuid chun cur leis an sceitimíní. Thóg sí café ar mhéid na bpáistí agus chuir cárta ballraíochta ar fáil le dúshláin léitheoireachta air, mar shampla, leabhar a léamh do pháiste níos óige, caibidil amháin a léamh fad is a léann cara an chéad chaibidil eile chun forbairt scéil a chur i gcomparáid. Chabhraigh na straitéisí seo le léitheoirí drogallacha agus leo siúd a mhothaigh go raibh léitheoireacht sa Ghaeilge níos deacra, mar bhris sé an leabhar suas i gcodanna níos lú:

D'fhéachamar ar na clúdaigh difriúla a bhíonn ar na leabhair agus cad a dheireann siad linn faoi cad atá sa leabhar féin. Phléamar na teidil agus an cló. Shamhlaíomar cén sort leabhar agus teideal a bheadh suimiúil dúinn féin agus cad a bheadh ar an gclúdach agus tharraingíomar iad ar mhúnla símplí. Mhínios dóibh conas is gá 'plean' nó breac-léaráidí a tharraingt ar dtúis nó go bhfuil tú sásta leis an leagan amach.
Dómhnaí Ó Bric

Thosaigh mé sa dá scoil le seisiún mhóra: R1-3 le chéile sa halla, agus R4-7 sa halla. Labhair mé leo faoin scéim agus faoin léitheoireacht. Bhí na leabhair curtha amach mar thaispeántas agus deis acu iad a thógáil agus amharc orthu (rang amháin ag am amháin).

Ansin, bhí 2 x sheisiún agam le gach rang scoile R1-7 sna ranganna. Ag tús gach seisiún, bhí deis acu aithne a chur ar na leabhair. D'imir muid cluichí ana-shimplí - ag cuartú rudaí sna pictiúir agus ag tomhas an ábhair/scéalta.

Bhí na seisiúin ranga bunaithe ar leabhar amháin gach uair. Léigh muid an scéal, bhí plé ranganna againn agus gníomhaíocht ealaíne/ceardaíochta bunaithe air. Bhain mé triail as leabhair a rangnú le chéile - leabhair eile ar an téama céanna (mar shampla miotaseolaíocht nó róbait), nó leabhair eile leis an údar/maisitheoir céanna. Sa chéad scoil, chríochnaigh muid le 'cóisírí léitheoireachta' sa halla - cúisíní, maisiúcháin agus popcorn (agus na leabhair, ar ndóigh!).

Máire Zepf

Bhunaigh mé puipéidí páipéir ar charachtairí ó na pictiúrleabhair do na Naíonáin agus Ranganna 1 & 2. Bhí deis ag na daltaí iad a dhéanamh iad féin bunaithe ar mhúnla a thaispeáin mé dóibh. Bhain siad an-taitneamh as seo agus d'úsáid mé é mar bhealach chun carachtairí agus cruthú carachtair a phlé.

Bridget Bhreathnach

Bhí searmanas tae agam i scoil amháin. Mhínigh me dóibh go dtosaíonn daoine ag insint scéalta nuair a bhíonn cupán tae acu. Mar sin de sular thosaigh muid ar an scéalaíocht rinne me tae a dhoirteadh amach (ó taephota folamh) i lámha gach dalta. Bhí said ar bís leis an 'tae' a fháil roimh na scéaltaí.

Seamus Mac Annaidh

Seo a leanas roinnt smaointe a tháinig díreach ó na healaíontóirí:

Is iontach mar éacht é gur cuireadh an scéim ar bun, gur tugadh maoiniú an-suntasach di, go bhfuil bosca mór leabhar snasta, mealltach i bhformhór na mbunscoileanna in Éirinn agus go raibh deis ag dornán scoileanna cuairteanna a fháil ó ealaíontóir cónaitheach.

Anna Heussaff

Ar rath na scéime, labhair ealaíontóir amháin faoi na leabhair a úsáid in áiteanna éagsúla, ionas nach mbeadh taithí acu orthu sa seomra ranga amháin:

Seisiúin a dhéanamh le gach rang sa scoil ionas gur bhraith an scoil ar fad gur bhain an scéim leo; na leabhair a bheith sa dá bhosca ar leith, agus ócáid déanta de na boscaí a oscailt ag an dá chur i láthair mór a rinne mé sa halla; úsáid a bhaint as spásanna difriúla – an halla, an leabharlann, an seomra ceoil (don gheandáil toisc spás & cathaoireacha ann) agus an gairdín, chomh maith leis na seomraí ranga.

Anna Heussaff

Bhí na healaíontóirí cónaithe sásta go raibh cuspóirí na scéime bainte amach ina scoileanna:

Chuile lá chuamar chuig an leabharlann agus lig na gasúir a scíth agus iad ag léamh leabhair Ghaeilge. Léigh muid go leor leabhar Gaeilge agus bhí deiseanna ag na gasúir iad a léamh iad féin. Bhí go leor deiseanna ag na gasúir óga a bheith ag breathnú ar na pictiúir. Phioc siad suas go leor focal nua, nathanna cainte srl

Geraldine Ní Mhidheach

Bhain siad an-sult as na gníomhaíochtaí ar leibhéal neamhacadúil, neamhoifigiúil. An-tábhacht ag baint leis an ghné sin den scéim.

Réaltán Ní Leannáin

Ceapaim gur bhain sé amach na spriocanna. Tá eolas i bhfad níos fearr ag na daltaí ar rogha na leabhar atá ar fáil, tá níos mó teacht ar leabhair Ghaeilge ar ardchaighdeán sna bunscoileanna, tá níos mó taithí le leabhair Ghaeilge ag na daltaí dá bharr agus tá taithí níos saibhre acu ar léitheoireacht na Gaeilge.

Ceapaim go bhfuil an Bosca Leabharlainne ag cur leis an taitneamh a bhaineann daltaí as an nGaeilge i gcoitinne mar go bhfuil siad ag cur níos mó eolais ar na leabhair agus ag méadú a gcompond leis an nGaeilge. Bhí buachaill i rang amháin a labhair i nGaeilge liom an t-am ar fad agus dúirt a mhúinteoir liom go raibh an-drogall air Gaeilge a labhairt de ghnáth. Sílim gur oscailt súl a bhí ann do roinnt daltaí agus aitheantas do dhaltaí eile gurb í an Ghaeilge a gcéad teanga go bhfuil leabhair den scoth ar fáil i nGaeilge agus gur údar bróid dóibh é.

Bridget Bhreathnach

Bhí leabhair Ghaeilge ar ardchaighdeán sa leabharlann cheana ach is cinnte gur chuir an Bosca soláthar breise ar fáil agus b'fhiú é sin; agus de bharr go raibh seisiúin le gach rang agus mé sa scoil ar dhátaí éagsúla, rinneadh 'ócáid' as an scéim. Is cinnte gurb eol do na daltaí ar fad go bhfuil leabhair chomhaimseartha, shnasta ar fáil i nGaeilge.

Sílim gur chuir sé borradh faoi léamh na Gaeilge go raibh ócáidí ar leith dírithe air, agus go raibh mise mar scríbhneoir i mo chuaríteoir sa scoil, rud a rinne na seisiúin difriúil. Dúradh liom go mbeadh cuid de na daltaí i R5 sách deacair a spreagadh ach gur léir gur éirigh go han-mhaith leis na seisiúin leo agus buachaillí áirithe go speisialta níos tógtha leis an mBosca ná mar a ceapadh roimh ré.

Anna Heussaff

Go deimhin, d'éirigh leis an scéim na rudaí seo ar fad a ardú. Bhí 'buzz' sa dá scoil, bhí páistí ag caint faoi na leabhair, ag troid faoi na leabhair (comhartha ana-mhaith, sílim?!) agus gan amhras chuir siad aithne ar na leabhair sa bhosca. Fuair mé cúpla teachtaireacht ó thuismitheoirí ina dhiaidh agus iad ag cur ceiste cá dtiocfadh leo leabhair áirithe a cheannacht mar go raibh na páistí ag iarraidh iad a léamh sa bhaile - bhí mé iontach sásta leis sin!

Máire Zepf

Sa chéad áit braithim go raibh na scoileanna bródúil go rabhadar tar éis bronntanas den mBosca a fháil agus go raibh siad ansan acu le léamh agus a dh'úsáid ar an-chuid slite éagsúla. Bhí an-spéis acu san éagsúlacht a bhí sna leabhair go léir agus an tuiscint go raibh na féidearthachtaí sin ar fad le plé. Bhí sé soiléir dom go mbaineadar ana-shásamh as na leabhair difriúla a bheith ansan ina measc. Anois go bhfuil na leabhair ansan anois acu agus as seo amach táim cinnte go mbeidh tionchar agus spreagadh éigin acu ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí.

Dómhnaí Ó Bric

I measc dúshlán na scéime, bhí deacrachtaí ann seisiúin a sceidealú, agus na haoisréimsí ar fad sa scoil a shásamh, dar leis na healaíontóirí. Dúirt ealaíontóir amháin, a d'oibrigh le dhá scoil thar a bheith beag le níos lú ná daichead dalta iontu, go raibh na páistí i gcónaí ag fanacht air ag an doras, agus go raibh siad ag caoineadh ar an lá deireanach, bhí dáimh chomh deas eatarthu faoin am sin. Ar ndóigh ní hionann an gaol a bhí ag na healaíontóirí leis na daltaí sna scoileanna móra, agus ní bheifeá ag súil lena leithéid.

Bhí a lán ealaíontóirí ag iarraidh bheith ar an eolas mar gheall ar gach leabhar a cuireadh chuig na scoileanna, agus léigh siad gach ceann de na cúig leabhar is daichead, a bheag nó a mhór, a bhí sa dá leagan den Bhosca Leabharlainne. Mhothaigh na healaíontóirí nach leor téarma amháin chun na daltaí ar fad a spreagadh chun léamh - aidhm na scéime - agus b'fhearr leo go mbeadh sé ar siúl le linn na scoilbliana iomláine chun brú a bhaint den ealaíontóir agus den scoil.

Spás a fháil do na seisiúin taobh istigh de sceideal gnóthach na scoile.

Bridget Bhreathnach

An taisteal, fuinneamh (bhí suas le ceithre sheisiún déag le déanamh agam in aghaidh na seachtaine). Réimse aoise na bpáistí.

Seamus Mac Annaidh

Ba dhúshlán freisin é a bheith ag obair le gach rang; agus ba dhúshlán mór é clár ama oiriúnach a cheapadh. Thuig mé tar éis cúpla seisiún go raibh níos mó ama curtha leis an scéim agam ná mar a d'íocfaí; ghearr mé amach dhá leathlá ach fós bhí an iomarca ama ann ag deireadh. Sílim gur tharla sin toisc go raibh orm a lán de na leabhair sa Bhosca a léamh chun a bheith in ann iad a chur i láthair, agus cé go ndearna mé na gníomhaíochtaí céanna i gcoitinne le R1 agus R2, le R3 agus R4 agus mar sin de, fós ghlac an t-ullmhúchán a lán ama orm.

Anna Heussaff

Bhí moltaí ag na healaíontóirí cónaithe conas an scéim a fheabhsú, a nochtaiigh siad sna suirbhéanna agus sna gallaimh:

- Tréimhse bliana seachas 7.5 lá don scoil chun tionchar ceart a bheith ann.
- Tuilleadh am ullmhúcháin. Scríobh ealaíontóir amháin a lámhleabhar féin le pleananna ceachta ar leith don dá scoil mar go raibh cumas Gaeilge éagsúil acu.
- Buiséad beag d'ábhar ealaíne agus ceardaíochta ar fáil don ealaíontóir dá mba ghá.
- Clinic Leabhar Leabhair Pháistí Éireann chun camchuart a dhéanamh ar an fiche is a haon scoil SEC an bhliain seo agus an bhliain seo chugainn. Imeachtaí iad siúd ina mholann saineolaithe leabhair leabhair ar leith do pháistí bunaithe ar a spéiseanna agus a gcumas féin.

Tionchar ar **mhúinteoirí**



Tionchar ar mhúinteoirí

Bhí sé de phríomhaidhm ag an mBosca Leabharlainne múinteoirí, príomhoidí agus foireann scoile eile a chur ar an eolas mar gheall ar na leabhair Ghaeilge iontacha atá ar fáil, agus cur lena muinín agus iad á n-úsáid sa seomra ranga, chomh maith le daltaí a spreagadh chun léitheoireacht sa Ghaeilge a dhéanamh don spraoi.

Luaigh ealaíontóir cónaithe amháin an tionchar a bhí le mothú ar mhúinteoirí agus í i láthair sa scoil. Ní raibh na múinteoirí muiníneach as a gcumas sa léitheoireacht Ghaeilge, agus bhí nasc díreach idir sin, agus aineolas na ndaltaí ar céard a bhí ar fáil.

Is dóigh liom gur spreag an scéim na múinteoirí agus na daltaí araon. Bhí na múinteoirí gann ar bhealaí chun léitheoireacht sa Ghaeilge a spreagadh, agus eagla orthu leis, agus ní raibh na daltaí ar an eolas mar gheall ar an réimse leabhar a bhí ar fáil dóibh. Ag deireadh mo thréimhse, is dóigh liom go mbeidh muinín ag na múinteoirí ranganna a dhéanamh bunaithe ar na leabhair, agus anois cuirfidh na daltaí fáilte rompu.

Muireann Ní Chíobháin

Cheap na múinteoirí gur acmhainn iontach a bhí sna leabhair chun an léitheoireacht don phléisiúr sa Ghaeilge a spreagadh i mbealaí nuálacha.

Gan dabht. Téann siad i bhfeidhm ar shamhlaíocht na bpáistí, agus ar a ngrá don léitheoireacht. Cabhróidh sé seo linne, na múinteoirí, iad a spreagadh chun foghlaim, agus chun an Ghaeilge a fhoghlaimíonn muid sa scoil a úsáid.

Scoil Bhéarla, Baile Átha Cliath

Phléigh roinnt múinteoirí an stró agus an dua a chuaigh le léitheoireacht sa Ghaeilge, ag léiriú go bhfeictear ar léitheoireacht sa Ghaeilge go fóill mar rud atá níos deacra ná léitheoireacht sa Bhéarla, agus nach ndéantar chomh minic, cé go raibh tionchar dearfach ag an mBosca Leabharlainne.

Táim ag déanamh níos mó iarrachta leabhair Ghaeilge á léamh dóibh ó fuair mé na leabhair nua Scoil Bhéarla, Co. na Gaillimhe

Tá diagrais agus obair ag teastáil ón múinteoir ranga chun na gasúir a chur ag teagasc a chéile/ ag cabhrú lena chéile srl chun foclóir agus nathanna ó na leabhair a úsáid sa scríbhneoireacht chruthaitheach.

Gaelscoil, Maigh Eo

Chabhraigh sé go mór le linn Seachtain na Gaeilge. Seachas sin, bíonn muid ag streachailt, seachas le teaghlach Gaeilge amháin.

Scoil Bhéarla, Loch Garman

Mhóthaigh múinteoirí eile gur thug an Bosca Leabharlainne deis dóibh a ndíocas féin a roinnt leis an rang:

Thug sé deis iontach dom mo ghliondar féin mar gheall ar na leabhair a thaispeáint, agus gníomhaíochtaí a phleanáil ina mbeidh na páistí ag léamh 'fíor'leabhair. Bhain siad an-taitneamh as na leabhair a léamh agus as acmhainní a ullmhú ionas gurbh fhéidir leo iad a léamh leis na páistí níos óige.

Scoil Bhéarla, an Cabhán

Nuair a fiafraíodh de na múinteoirí an raibh litríocht sa Ghaeilge úsáideach chun na páistí a spreagadh sa seomra ranga, rinne siad tagairt dár gcaighdeán féin, agus don mheon i leith na teanga:

Tá - ach braitheann sé ar meon na múinteoirí i leith na Gaeilge agus i leith léitheoireacht sa Ghaeilge.

Gaelscoil, Maigh Eo

Tá - ach chabhródh ceardlanna/múinteoirí taistil líofa sa Ghaeilge. Ní bhíonn muinín ag go leor múinteoirí as a gcumas féin ag léamh sa Ghaeilge. Is fadhb í caighdeán Gaeilge na múinteoirí.

Scoil Bhéarla, Gaillimh

Leabhrán gníomhaíochta

Crann taca do na múinteoirí ná an leabhrán gníomhaíochta. Bhí sé seo lán le cluichí agus gníomhaíochtaí a chabhródh le daltaí plé leis na leabhair. In 2021 rinne Sandra Roe taighde ar 'Léitheoireacht sa Ghaeilge don Phléisiúr', agus bhí an t-eolas ina tuarascáil an-tábhachtach agus an leabhar gníomhaíochtaí á scríobh. Dr Claire M. Dunne ó Institiúid Oideachais Marino (Department of English agus Roinn na Gaeilge) a scríobh, agus bhí sé ar fáil saor in aisce le híoslódáil ó shuíomh gréasáin Laureate na nÓg, rud a thug deis do na scoileanna uile leas a bhaint as. Níl na gníomhaíochtaí istigh ann dírithe ar curaclam na Gaeilge, ach ar léitheoirí óga a spreagadh chun na leabhair sa Bhosca a thriail, chun muinín a thabhairt dóibh gur féidir leo leabhar Gaeilge a phiocadh suas, agus chun cabhrú leo an tairbhe is mó a fháil ón rogha.

De na scoileanna SEC, cheap an chuid is mó díobh (79%) go raibh an leabhrán gníomhaíochtaí a tháinig leis an mbosca an-chuidiúil, agus cheap 21% go raibh sé réasúnta cuidiúil. Luaigh scoil amháin, 'Toisc gur scoil Bhéarla muid, tógfaidh sé am orainn gach céim a chlúdach'. Dúirt scoil eile go raibh smaointe deasa sa leabhrán a bhain leis na leabhair. Dúirt scoil eile arís nach bhfaca siad an leabhrán. Sa suirbhé ginearálta, bhí na figiúirí éagsúil: dúirt 27% go raibh an leabhrán an-chuidiúil, 35% go raibh sé réasúnta cuidiúil, 35% measartha cuidiúil, agus 3% nach raibh sé cuidiúil. De na 152 freagra, áfach, dúirt níos mó ná 20 scoil nach bhfaca siad é, nó nár úsáid siad go fóill é. Dúirt cúig scoil go raibh siad ag súil len é a úsáid ar ball, agus dúirt trí scoil go raibh an Ghaeilge ann ar chaighdeán ró-ard le tuiscint nó nach raibh an t-am acu na gníomhaíochtaí a aistriú le húsáid i scoil Bhéarla.

Bhí an leabhrán tacaíochta do mhúinteoirí den scoth do smaointe agus thug sé spreagadh dom leabhair scéalta Ghaeilge a úsáid leis an rang ar fad.

Scoil Bhéarla, Corcaigh

D'úsáid muid a lán gníomhaíochtaí ón leabhar.

Gaelscoil, Dún na nGall

Bhí modheolaíochtaí nua sa leabhar nach raibh déanta againn sa scoil cheana.

Gaelscoil, Gaillimh

Ní cuimhin liom ceann a fháil. Gabh mo leithscéal, b'fhéidir go bhfuair mé ceann. Bhí mé chomh tógtha leis na leabhair b'fhéidir gur fágadh ar leataobh é.

Scoil Bhéarla, Maigh Eo

Le linn grúpa fócais i scoil Bhéarla, thuairiscigh na múinteoirí gurb iad na gníomhaíochtaí ealaíne an bealach ab fhéarr chun spéis na bpáistí a spreagadh sna leabhair (cosúil leis an gcur chuige ealaínbhunaithe a úsáideadh sna ceardlanna taighde), chomh maith leis na leabhair a iniúchadh trí phictiúirí a tharraingt nó a phéinteáil, nó greannáin, drámaíocht agus rólímirt a dhéanamh. Saibhreas iontach atá sa leabhrán gníomhaíochta dar leis na múinteoirí sin, ach bheadh sé úsáideach a choimré BÉarla a bheith ann, seachas é a bheith go hiomlán as Gaeilge, do mhúinteoirí i scoileanna Béarla gann ar am. Ní raibh na múinteoirí sna grúpaí fócais ó na Gaelscoileanna tar éis an leabhrán a úsáid go fóill, mar níor cheap siad go raibh gá leis go fóill, agus an ealaíontóir cónaithe ann. Dar le Gaelscoil eile gan ealaíontóir cónaithe, chuir riachtanais na scoilbhliana as a gcumas plé leis an leabhrán go fóill.

Bhí an leabhrán gníomhaíochta ceaptha freisin bheith mar thaca do na healaíontóirí cónaithe, cé nach raibh aon dualgas orthu é a úsáid dá mbeadh a gcur chuige féin acu chun léitheoireacht sa Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil. Bhí tuairimí éagsúla ag na healaíontóirí mar gheall air, cheap triúr go raibh sé an-úsáideach, triúr go raibh sé réasúnta úsáideach, agus ceathrar go raibh sé píosa beag úsáideach. Cheap roinnt acu gur taca do na múinteoirí a bheadh ann, agus na healaíontóirí féin críochnaithe.

Thaitin an mír mar gheall ar scéalta go mór liom agus d'úsáid mé go leor de na gníomhaíochtaí. Bhí na moltaí mar gheall ar conas an Bosca Leabharlainne a fhiosrú an-úsáideach, agus na moltaí mar gheall ar conas an léitheoireacht a chur chun cinn sa scoil. Bhain mé an-tairbhe as agus bhí sé an-spéisiúil agus táim cinnte go bhfillfidh mé air arís as seo amach.

Bridget Bhreathnach

Ceapaim go bhfuil ábhar an-luachmhar sa leabhrán do na múinteoirí, agus mhol mé go mbainfidís leas as, ach níl a fhios agam ar tharla sé sin.

Anna Heussaff

**Tionchar ar an
bpobal**



Tionchar ar an bpobal

Bhí tionchar domhain ag na healaíontóirí cónaithe ar na daltaí, toisc an méid ama a chaith siad sa scoil. Bhuail ealaíontóirí amháin le roinnt tuismitheoirí agus caomhnóirí, agus dúirt siadsan go raibh i bhfad níos mó spéise ag a bpáistí sa léitheoireacht de bharr na scéime, agus go raibh siad anois ag léamh gach uair a bhí an deis acu.

Seo a leanas roinnt samplaí de dhaltaí a léirigh spéis sa léitheoireacht Ghaeilge (agus sa léitheoireacht don phléisiúr go ginearálta) don chéad uair riamh taobh amuigh den scoil, agus sa bhaile.

Fuair mé cúpla teachtaireacht ó thuistí ina dhiaidh sin ag fiafraí díom cá háit arbh fhéidir leo leabhair áirithe a cheannach mar bhí na páistí ag iarraidh iad a léamh sa bhaile - bhí mé an-sásta leis sin!

Máire Zepf

Thug sé ardú croí dom lá amháin nuair a bhí mé ag fágáil na scoile, bhuail tuismitheoir liom sa chlós. D'fhiafraigh sí díom an mise a bhí ag déanamh na seisiúin leabhair ar scoil. Dúirt mé gur mé a bhí ann, agus d'inis sí díom nár chuala sí a hiníon ag labhairt faoi leabhair riamh ina saol cheana agus bhí sí ag teacht abhaile anois ag labhairt mar gheall ar 'an mbean seo' a bhí ag léamh leabhar leo agus go raibh siad ag cumadh carachtar sa rang. Bhí an mháthair cinnte gur leabhair Bhéarla a bheas ann agus bhí áthas an domhain uirthi gur leabhair Ghaeilge a bhí á léamh againn agus go raibh a hiníon ag cur an méid sin spéis iontu.

Bridget Bhreathnach

Fuair mé aiseolas ó na tuismitheoirí ag rá go raibh na páistí ag dul abhaile ag iarraidh na leabhair ar thaitin leo a cheannach dóibh féin. Nuair a bronnadh na leabhair bhreise ar na daltaí, ba iad na chéad leabhair Ghaeilge don scíthléitheoireacht a bhí riamh acu sa teach. Is rud stairiúil é sin do theaghlach.

Muireann Ní Chíobháin

Cheap na múinteoirí i ngrúpa fócais amháin i nGaelscoil, gur mhór an chabhair é an scéim a leathnú amach ó na scoileanna go leabharlanna poiblí agus go tuismitheoirí agus caomhnóirí.

B'fhéidir gurbh fhéidir treoir a fhorbhairt do thuismitheoirí mar gheall ar conas ... leabhar Gaeilge a thabhairt isteach sa teach. Fiú mura bhfuil Gaeilge agat, d'fhéadfadh naisc YouTube a chur ar fáil ionas go mbeadh teaghlach ag éisteacht leis an nGaeilge.

Obair
allamuigh



Gné cháilíochtúil - obair allamuigh

Mar a pléadh sa mhodheolaíocht, is féidir 'guth' na bpáistí - a thugann le fios gur lánrannpháirtithe iad sa taighde - a chloisteáil níos fearr trí thaighde ealaínbhunaithe, nuair nach mbíonn an taighdeoir ag brath ar fhreagraí scríofa nó freagraí béil ó na páistí, ach glacann le freagraí i bhfoirm pictiúr. Tugann an scéalchlárú, mar shampla, mar atá le feiceáil sna pictiúir de cheithre radharc a rinne na páistí, seans do gach éinne a nguth féin a úsáid chun a dtuiscint ar an tionscadal a léiriú (Wall, 2017). Sa chás seo, léiríonn a nguth an chiall a bhain siad féin as an leabhar, nó as carachtar/carachtair ar leith a roghnaigh siad dár bpictiúir nó dár múnlaí. D'fhéadfadh an guth seo bheith 'in easnamh nó cluas bhodhar tugtha dó' mura n-úsáidtear ach modhanna taighde béil (Wall, 2017: 327). Déannann páistí 'meaning-making' (Rinaldi, 2011), sé sin, baineann siad a gciall féin as scéal, trí phictiúr a dhéanamh de. An phríomhuirlis acu chun ciall a bhaint as ná tuiscint ar an scéal, sé sin, céard a tharlaíonn do cén duine, agus cathain (Lyle, 2017). Is é a saothar ná 'bealach chun scéal nó aistear pearsanta a chur in iúl' (Barton, 2015: 64). Trí fhoghlaim na bpáistí a dhéanamh infheicthe sa phróiseas cruthaitheach seo, déantar infheicthe a dtaithí féin freisin (Rinaldi, 2001).


Dá bharr seo, sna ceardlanna ranga, léirigh pictiúir agus múnlaí na bpáistí a scéal nó aistear pearsanta féin tríd an mBosca Leabharlainne. Fianaise dhoiciméadach atá sna saothair fhísiúla seo dár dtaithí ar na leabhair agus ar an scéim; na leabhair is carachtair is ansa leo, na heachtraí is radhairc is suntasaí sa scéal. Tugann siad léargas dúinn ar a n-eispéireas ar na leabhair trína súile féin.




Sa phictiúr: Áine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg, agus daltaí Scoil an Droichid, Béal Feirste.

Scoil Taighde I

Do scoil taighde amháin, ina ndírigh an t-ealaíontóir Máire Zepf ar a leabhar *MÍP* a fhiosrú, léirigh na páistí i mBunrang 7 (aois a deich) tionchar na taithí seo nuair a chuaigh siad i ngleic go hiomlán leis an gcarachtar róbó agus a cuid taistil. Thaispeáin na pictiúir is na múnlaí de Mhíp cé chomh tógtha agus gafa leis an scéal agus le ceardlanna an ealaíontóra is a bhí siad. Léirigh na páistí aitheantas an léitheora mar gheall ar leabhair sa bhosca ó na clúdaigh agus ó na teidil. Sna pictiúir agus sna múnlaí thíos tá fianaise ar na gnéithe den scéal ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar na páistí. Ar dtús, rinne siad pictiúr le ceithre radharc, agus ansin an múnla. Tá sé spéisiúil go bhfuil na múnlaí, den chuid is mó, bunaithe ar eachtra nó carachtar lárnach ó na pictiúir, ach le tuilleadh sonraí. Tugann na pictiúir, agus na habairtí gearra de scéal a théann leo, léargas ar conas mar a thuig na páistí na leabhair ar leith. Sa chéad shraith de phictiúir agus múnlaí, cé go ndearna gach páiste pictiúr de Mhíp, tá sé soiléir go bhfuil eispéireas ar leith ag gach páiste i leith an charachtair, agus ó thaobh a n-aistear pearsanta tríd an scéal: tá eachtra nó gné dhifriúil roghnaithe acu uile ón scéal.





MÍP (1), Cailín aois 10





MÍP (2) Cailín aois 10



MÍP (3), Cailín aois 10



MÍP (4), Buachaill aois 10




MÍP (5), Buachaill aois 10



I measc na leabhair eile a roghnaíodh ná *Geansaí Ottó*, *Bliain na nAmhrán*, *Crogaillín*, *Rita agus an Lampa Draíochta*, *An Féileacán agus an Rí*, *Moncaí Dána* agus *Cluasa Capaill ar an Rí*.




Moncaí Dána, *Buachaill aois 10*



Rita agus an Lampa Draíochta, *Buachaill aois 10*



Crogaillín, *Buachaill aois 10*





Cluasa Capaill ar an Rí, *Buachaill aois 10*



Crogailín, *Buachaill aois 10*



Geansaí Ottó, *Buachaill aois 10*




An Féileacán agus an Rí, *Cailín aois 10*

Scoil Taighde II

Dhírigh na páistí ar leabhar amháin dá bpictiúir agus dá múnlaí marla, sé sin, an leabhar ab ansa leo ón mbosca. D'oibrigh go leor páistí ina mbeirteanna, ag roinnt leabhair le hoibríú as, agus tionchar acu ar a chéile mar gheall ar rogha radharc agus conas ar thug siad faoi. D'eascair an cleachtadh seo as an mbosca féin; toisc nach raibh ach cóip amháin de gach leabhar, bhí páistí le spéis sa leabhar céanna ag iarraidh obair le chéile agus an leabhar a roinnt. Is cosúil nach dtarlódh a leithéid (nó gan dabht ní bheadh sé chomh coitianta), dá mbeadh níos mó cóipeanna, nó sraitheanna ranga de na leabhair, curtha ar fáil.

Gné thábhachtach agus bhríomhar den cheardlann a bhí ann: na páistí ag obair as lámha a chéile, ag plé an leabhair, ag baint taitnimh as eachtraí ar leith, ag gáire nó ag magadh faoi ghnéithe den scéal, ag roghnú eachtraí le tarraingt, agus ag cur na bpictiúir i gcomparáid lena chéile agus an obair ar bun. Toisc go raibh dhá ghníomhaíocht le modhanna ealaínbhunaithe, bhí deis ag na páistí cur lena n-eolas ar an leabhar roghnaithe le comrádaí, trí phlé agus caidreamh. Muna mbeadh dhá chéim i gceist leis na gníomhaíochtaí, ní bheadh an tionchar, rannpháirtíocht, ná piarchaidreamh chomh suntasach. Na leabhair ab ansa d'obair i mbeirteanna ná: *Cinnín Óir agus na Trí Bhéar*, *Tubaiste ar an Titanic*, *Ar Strae*, *Oileán na nDraoithe*, *Scoil na bPáistí Deasa*.

Bhí an obair i mbeirteanna seo mar chuid de na ceardlanna taighde tábhachtach, mar thóg sé ar chleachtais léitheoireachta sa scoil cheana, inar ndearna na páistí gníomhaíochtaí léitheoireachta le chéile. Tharraing sé aird, freisin, ar chumas na leabhar na páistí a chur ag caint faoi léitheoireacht don phléisiúr agus faoi bheith tógtha leis na leabhair agus iad ag obair ar na pictiúir. Chuir an taithí idir phiaraí seo le heispéireas na bpáistí leis an scéim, agus leis an mbealach ar phléigh siad leis na leabhair, ag léiriú a n-aistir phearsanta féin leis na leabhair.




Púca sa Teach, *Cailín aois 11*




Oileán na nDraoithe (1), Buachaill aois 11




Oileán na nDraoithe (2), Buachaill aois 11




Tubaiste ar an Titanic, Buachaill aois 12




Tubaiste ar an Titanic, Cailín aois 12





Tubaiste ar an Titanic, Cailín aois 12




Roghnaigh triúr (aois 11-12) ó Rang a Sé a bhí ina suí ag bord amháin *Tubaiste ar an Titanic*. Dhírigh an buachaill ar scéal stairiúil chéad aistear na Titanic, agus taispeánann a phictiúr marla an long agus í ag dul go tóin poill tar éis na tuairte leis an gcnoc oighir. Sa scéal a théann leis, léirigh sé an eachtra seo mar an eachtra dheireanach. Na radhairc eile ná tógáil na Titanic, an long in Southampton agus na paisinéirí ag dul ar bord, agus an long faoi lán seoil go Nua Eabhrac. Don bhuachaill seo, tá a eolas féin ar scéal na Titanic níos tábhachtaí, agus níl scéal an leabhair ach sa dara háit. Dhírigh an bheirt chailíní, áfach, ar an leabhar féin agus an scéal istigh ann. Tosaíonn siad le clúdach an leabhair, agus athchruthaíonn siad an pictiúr seo ina bpictiúir marla, agus sa chéad radharc dá scéalta féin a théann leis. Ansin dírónn siad ar eachtra sa leabhar ina n-aimsítear eochar (i bpictiúr amháin) agus ina bhfeictear rud éigin aisteach ar dhoras (sa cheann eile) ionas gurbh fhéidir leis na carachtair taistil siar agus dul ar bord an Titanic féin. Tá an dá phictiúr dheireanacha don bheirt chailíní bunaithe ar stair an aistir féin arís, nuair a bhuaileann an Titanic an cnoc oighir, agus ní thagann ach cuid bheag de na paisinéirí slán. Tá na cailíní, díreach cosúil leis an údar, tar éis an stair (dá phictiúr) agus an leabhar (dá phictiúr) a chur le chéile chun an leabhar is ansa leo sa bhosca a léiriú. Ba mhó spéis a bhí ag an mbuachaill i stair na Titanic féin, d'admhaigh sé, agus sin an fáth gur dhírigh sé ar an ngné seo seachas ar an leabhar féin.


Roghnaigh triúr eile Ar Strae. Bhí an-tóir ar an leabhar seo sna ceardlanna taighde agus sna grúpaí fócais araon. Thaitin an téama de bhuaicill ag cabhrú le madra agus é a chur faoina choimirce leis na páistí.



Ar Strae, Cailín aois 10



Ar Strae, Cailín aois 11



Bhí eisceachtaí áirithe ann inar oibrigh na páistí ar bhonn aonair, agus roghnaigh siad na leabhair seo a leanas: *An Rún Mór*, *Morf*, *MÍP*, *Deirdre agus an Fear Bréige*, *Anansi agus Scéalta an Domhain*, *An tSióg Mhallaithe*, *Na Bleachtairí Zombaí*, *An Bradán Feasa*. Den chuid is mó carachtar lárnach amháin ar chuir na páistí spéis ann a bhí mar ábhar na bpictiúr marla seo. Trína múnlaí marla, chuir siad beocht sa charachtar, agus thaispeáin siad scéal an charachtair i gceithre radharc sna pictiúir a chuaigh leo.



Na Bleachtairí Zombaí, Cailín aois 12



Anansi agus Scéalta an Domhain, Cailín aois 13



An Meaisín Ama, Cailín aois 10



An Rún Mór, Cailín aois 11



An Bradán Feasa, *Cailín* aois 12




MÍP, *Buachaill* aois 10





Deirdre agus an Fear Bréige, *Cailín aois 12*



Mamó ar an Fheirm, *Buachaill aois 10*



An tSióg Mhallaithe, *Buachaill aois 10*



Tugtha faoi deara:

- Tá an chuma ann go dtéann na páistí i dtaithí ar na leabhair agus fáil orthu sa seomra ranga. Ní raibh na páistí sa scoil taighde seo chomh cleachtaithe leis na leabhair mar gur coimeádadh áit éigin eile iad.
- Taispeánadh go raibh tábhacht ag baint le hobair a dhéanamh i mbeirteanna chun tuiscint ar na leabhair a neartú.
- Roinn na páistí an spórt is spraoi, agus spreag comrádaithe a chéile chun plé leis na leabhair trína n-aistear fionnachtana féin.
- Bhí modhanna ealaínbhunaithe fóinteach chun na páistí a spreagadh chun plé go domhain leis na leabhair, agus chun a dtuiscintí a chur in iúl.
- Bhí tionchar ag na páistí a bhí ina suí taobh lena chéile nó ag an mbord céanna ar an rogha leabhair a phioc na comrádaithe, agus ar na heachtraí a roghnaíodh, agus conas a léiríodh na heachtraí sna radharcanna.
- Bhain na páistí sult as carachtar amháin a roghnú le taispeáint, nó as a leagan féin den chlúdach a dhéanamh.
- Den chuid is mó bhí abairt amháin le gach pictiúr de na ceithre radharc a úsáideadh mar leagan amach.

Conclúid

Mar a luaitear ag tús na tuarascála meastóireachta, tionscadal uailmhianach ar fad ab ea an Bosca Leabharlainne. Bhí tionchar aige ar pháistí fud fad na hÉireann i 1,831 scoil, gach Gaelscoil agus scoil Gaeltachta san áireamh. Bhí sé de phríomhaidhm ag an tionscadal léitheoireacht neamhspleách do pháistí, agus pléisiúr sa léitheoireacht Ghaeilge a chur chun cinn. D'éirigh leis é sin a bhaint amach, agus tá fianaise sa tuarascáil seo ó níos mó ná 200 scoil. D'éirigh leis an tionscadal aidhmeanna sa bhreis a bhaint amach freisin:

- Litríocht agus foilsitheoireacht sa Ghaeilge a chur chun cinn - ní raibh roinnt mhaith scoileanna ar an eolas mar gheall ar an réimse de litríocht Ghaeilge d'ardchaighdeán atá ar fáil;
- An pobal a chur ar an eolas mar gheall ar an litríocht sa Ghaeilge - tá na páistí ag labhairt faoi na leabhair agus ag roinnt a n-eispéireas le múinteoirí agus teaghlaigh;
- Ag cur le líon na leabhar Gaeilge spreagúil d'ardchaighdeán atá fáil orthu sna bunscoileanna - i roinnt scoileanna Béarla ba iad na leabhair ón mBosca Leabharlainne na chéad leabhair Ghaeilge a raibh rochtain acu orthu;
- Ag cabhrú le múinteoirí a gcumas a fhorbairt chun léitheoireacht Ghaeilge na ndaltaí a chur chun cinn i mbealaí nuálacha agus cruthaitheacha - labhair múinteoirí faoi mhuintín níos mó a bheith acu agus iad ag scéalaíocht nó ag baint úsáid as leabhair Ghaeilge sa seomra ranga.

Príomhcheachtanna



Príomhcheachtanna

Leis an mBosca Leabharlainne, fuair líon ollmhór scoileanna, gach bunscoil Ghaeilge ar oileán na hÉireann agus gach scoil a chuir isteach ar an scéim san áireamh, leabhair Ghaeilge ar ardchaighdeán le léamh don phléisiúr. Méadú suntasach ar an soláthar leabhar Gaeilge sna leabharlanna scoile a bhí ann. Sa suirbhé ginearálta, thuairiscigh na scoileanna go raibh líon an-íseal leabhar Gaeilge sna leabharlanna scoile. Thuairiscigh 44% go raibh 0-20 leabhar sa leabharlann acu, agus bhí níos lú ná 100 leabhar ag 91% de na scoileanna. Bhí cuid mhaith de na leabhair sin as dáta, seanchaite agus míthaitneamhach. Thabharfadh sé sin le fios go raibh tionchar suntasach ag an mBosca Leabharlainne, mar gur chuir sé leabhair Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do na leabharlanna scoile nuair nach raibh mórán nó tada cheana ag an gcuid is mó de na scoileanna.

Níor fheidhmigh an t-ainm, an 'Bosca Leabharlainne' i gcónaí sna scoileanna, toisc nár coimeádadh na leabhair istigh sa bhosca uaireanta. I roinnt cásanna, coimeádadh na leabhair sa bhosca, in amanna cuireadh ar thralaí iad le roinnt idir ranganna, amanna eile roinneadh iad idir ranganna sóisearacha agus sinsireacha, nó cuireadh spás beag ar leith ar fáil dóibh sa leabharlann, nó cuireadh amach iad ar sheilfeanna sa rang. Bhí mearbhall ar roinnt múinteoirí faoin téarma 'bosca'. Sa bhreis air sin, bhraith rath na scéime ar rochtain na bpáistí ar na leabhair, agus a dtaithe orthu, mar a léiríodh sna ceardlanna taighde. Bhí an tionscadal ní ba éifeachtaí sna scoileanna ina raibh na leabhair ar fáil sa seomra ranga do na páistí, le léamh, le hobair leo, agus le plé.

Sraith cuairteanna leis an ealaíontóir ab fhearr, seachas cuairteanna aon uaire, dar leis na healaíontóirí cónaithe. Is féidir leo ullmhúchán a dhéanamh roimh ré, bheith ag súil leo, agus iad a phlé ina ndiaidh. Tá an leanúnachas seo luachmhar. Chuir ealaíontóir cónaithe amháin béim ar an tábhacht a bhaineann le heispéireas na leabhar sa bhosca a dheighilt ón bpróiseas foghlama foirmeálta, mar gur bhain na páistí taitneamh as an léitheoireacht don phléisiúr sa Ghaeilge gan an brú a thagann le measúnú foghlama. Bhí dúshlán ann sa mhéid a iarradh ar na healaíontóirí cónaithe féin: ag obair le scoil iomlán, le réimse aoiseanna éagsúla, agus réamhullmhúcháin do ghníomhaíochtaí thar thréimhse cónaithe de 7.5 lá. Cheap roinnt de na healaíontóirí go raibh orthu bheith ar an eolas mar gheall ar an gcúig leabhar is daichead a roghnaíodh don Bhosca Leabharlainne, rud nach raibh mar chuspóir agus an scéim á ceapadh.

Dar leis na healaíontóirí, acmhainn den scoth do na múinteoirí chun na leabhair a thabhairt chun beatha agus an chónaitheacht críochnaithe a bhí sa leabhrán gníomhaíochta. Níor éirigh leis an leabhrán gníomhaíochta mar acmhainn chomh maith sna scoileanna Béarla, ón méid a dúradh i ngrúpaí fócais na múinteoirí. Sna scoileanna seo tá Gaeilge ag na múinteoirí, ach níl a ndóthain ama acu le bheith ag obair go mion le leabhrán lán-Ghaeilge. Mhol na múinteoirí seo leagan níos giorra de na gníomhaíochtaí le pointí urchair sa Ghaeilge agus i mBéarla.

An leabhar ba mhó tóir air sa Bhosca Leabharlainne ná Cinnín Ór agus na Trí Bhéar. Roghnaigh an ceathrú cuid de na scoileanna a d'fhreagair an suirbhé ginearálta é. Roghnaigh siad é toisc gur athinsint a bhí ann de scéal a bhí seanaithne ag na páistí air, agus chabhraigh sé sin leis na páistí é a thuiscint agus taitneamh a bhaint as.

Bhí tionchar níos suntasaí ag an mBosca Leabharlanna sna scoileanna Béarla mar nach raibh an méid céanna leabhair Ghaeilge ar ardchaighdeán acu cheana, agus bhí tionchar nach beag ag an acmhainn sa chuid is mó de na scoileanna seo. Thug scoileanna faoi deara athrú sa chultúr léitheoireachta Gaeilge, ach go háirithe sna scoileanna Béarla, ina raibh, den chuid is mó, easpa nó ganntanas litríochta sa Ghaeilge. Thug an chuid is mó de na scoileanna le fios go raibh na leabhair comhaimseartha, ildaite, spreagúil, agus gur spreag siad páistí chun leabhar Gaeilge a phiocadh suas, den chéad uair riamh do roinnt mhaith acu.

Aguisíní



Aguisín 1

Sampla de cheistneoir faoi léitheoireacht don spraoi a úsáideadh sa taighde

Reading for fun in Irish
Leabhair Ghaeilge a léamh ar mhaithe le spraoi

What is nice about reading a book?
Cad atá deas faoi leabhar a léamh?

Nuair atá pictiúir deasa agus nuair atá dráma ann.

What would make you want to pick up an Irish book and read it?
Cén fáth a phiocfá suas leabhar Gaeilge?

Tá sé deas go bhfuil Gaeilge agam agus ar laethanta saoire ní beidh duine ábalta é a léamh.

What does this book look like? draw a picture:
Cén chuma atá ar an leabhar sin? Tarraing pictiúr de:

An ceol ar an trá



















What would stop you reading an Irish book?
An bhfuil aon rud ann a chuirfeadh stop leat leabhar Gaeilge a léamh?

Rud ar baithh!

Age/Aois: 10 Gender/Inscne: Cath Class/Rang: Rangó

My picture can be used in the Government report. Tick box: Yes No

Tuagaim cead mo phictiúr a úsáid sa tuarascáil rialtais. Tuagaim Ní thugaim



Aguisín 2

Miondealú ar na scoileanna agus iarratais a roghnaíodh don Bhosca Leabharlainne

Saghas scoile	Iomlán
Scoileanna Gaeltachta	113
Gaelscoileanna (nach bhfuil lonnaithe sa Ghaeltacht)	169
Gaelscoileanna i dTuaisceart Éireann	35
Scoileanna DEIS	408
Scoileanna beaga	319
Lionraí/Bailte Gaeltachta	262
Iarratais	525
Foriomlán	1831

Aguisín 3

Liosta de na healaíontóirí cónaithe

Anna Heussaff
Séamus Mac Annaidh
Realtán Ní Leannáin
Máire Zepf
Jackie MacDonncha
Sadhbh Devlin
Muireann Ní Chíobháin
Geraldine Meade
Bridget Bhreathnach
Diarmuid de Faoite
Dómhnal Ó Bric

Aguisín 4

Liosta de na leabhair i ngach bosca Bosca do Ghaelscoileanna/scoileanna Gaeltachta

TEIDEAL	FOILSITHEOIR	ÚDAR & MAISITHEOIR
Anansi agus Scéalta an Domhain	An Gúm	Éamonn Ó Ruanaí & Kieron Black
An Eala Órga	An Gúm	Gabriel Rosenstock & Brian Fitzgerald
Lúba	An Gúm	Alan Titley & John White
Morf	An Gúm	Orna Ní Choileáin & Olivia Golden
Ceol na Sióg	An tSnáthaid Mhór	Gráinne Holland & Mr Ando
Jimín Mhaire Thaidhg	An tSnáthaid Mhór	Pádraig Ó Siochfhradha & Andrew Whitson
Sárú	Cló Iar-Chonnachta	Anna Heussaff
An Táin	Cló Mhaigh Eo	Colmán Ó Raghallaigh & Barry Reynolds
Tubaiste ar an Titanic	Cló Mhaigh Eo	Máire Zepf & Olivia Golden
Boscadán	Cois Life	Áine Ní Ghlinn & Kirsten Shiel
Sin Iad na Rudaí	Coiscéim	Máire Ní Laoithe Uí Shé & Dómhnal Ó Bric
Mór agus Muilc	Éabhlóid	John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla & Kim Sharkey
Oileán na nDraoithe	Éabhlóid	Proinsias Mac a'Bhaird & Caomhán Ó Scolaí
An Féileacán agus an Rí	Futa Fata	Máire Zepf & Shona Shirley Macdonald
Ar Strae	Futa Fata	Patricia Forde & John White
Bliain na nAmhrán	Futa Fata	Tadhg Mac Dhonnagáin, Tarsila Krüse, Jennifer Farley, Christina O'Donovan & Brian Fitzgerald
Cluasa Capaill ar an Rí	Futa Fata	Bridget Bhreathnach & Shona Shirley Macdonald
Go Ceann Scríbe	Futa Fata	Ailbhe Nic Giolla Bhrighde
An Gruagach	Leabhar Breac	Peadar Ó Cualáin
An Meaisín Ama	Leabhar Breac	Máire Ní Ghallchobhair & Peter Donnelly
Eachtra ar Oileán na Rún	Leabhar Breac	Brian Ó Broin
Síscéalta Lios Lurgain: Éalú as an Lios	Leabhar Breac	Aoife Ní Dhufaigh
Na Bleachtairí Zombaí	The O'Brien Press	Gabriel Rosenstock & Alan Nolan
Thar an Trasnán	The O'Brien Press	Áine Ní Ghlinn & Paul Bolger
Deirdre agus an Fear Bréige	The O'Brien Press	Úna Leavy & Maeve Kelly

Bosca do scoileanna Béarla

TEIDEAL	FOILSITHEOIR	ÚDAR & MAISITHEOIR
Ó Bhó, na Beacha!	An Gúm	Pauline Devine & Róisín Curé
Caoimhe agus an Bogha Báistí	An Gúm	Siobhain Grogan & Róisín Curé
Cinnín Óir agus na Trí Bhéar	An Gúm	Áine Ní Ghlinn & Laura Jane Phelan
Crogaillín	An Gúm	Liam Prút & Róisín Curé
Gairdín Mháire na mBláth	An Gúm	Tatyana Feeney
Mamó ar an Fheirm	An Gúm	Mary Arrigan
Muireann agus an Teach Solais	An tSnathaid Mhór	Malachy Doyle, Máire Zepf & Andrew Whitson
Rita agus an Lampa Draíochta	An tSnathaid Mhór	Máire Zepf
Ceol na Sióg	An tSnathaid Mhór	Gráinne Holland & Mr Ando
Rirá le Ruairí!	Cló Mhaigh Eo	Colmán Ó Raghallaigh & Anne Marie Carroll
Mór agus Muilc	Éabhlóid	John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla & Kim Sharkey
Ar Strae	Futa Fata	Patricia Forde & John White
Beag Bídeach	Futa Fata	Sadhbh Devlin & Róisín Hahessy
Bliain na nAmhrán	Futa Fata	Tadhg Mac Dhonnagáin, Tarsila Krüse, Jennifer Farley, Christina O'Donovan & Brian Fitzgerald
Cluasa Capaill ar an Rí	Futa Fata	Bridget Bhreathnach & Shona Shirley Macdonald
Geansaí Ottó	Futa Fata	Sadhbh Devlin & Róisín Hahessy
Lisín-Scoil na bPáistí Deasa	Futa Fata	Patricia Forde & Joëlle Dreidemy
MÍP	Futa Fata	Máire Zepf & Paddy Donnelly
Percy Péacóg	Futa Fata	Gemma Breathnach & Tarsila Krüse
Scúnc agus Smúirín	Futa Fata	Muireann Ní Chíobháin & Paddy Donnelly
An Bradán Feasa	Leabhar Breac	Darach Ó Scolaí
An tSióg Mhallaithe	Leabhar Breac	Aoife Ní Dhufaigh
Púca sa Teach	Leabhar Breac	Máire Ní Ghallchobhair & Peter Donnelly
An Rún Mór	The O'Brien Press	Caitríona Ní Mhurchú & Tatyana Feeney
Moncaí Dána	The O'Brien Press	Áine Ní Ghlinn & Aileen Caffrey

Aguisín 6

Léirbhreithniú ar an litríocht - Taighde ar a bheith ag éisteacht le scéalta sa dara teanga

Léirbhreithniú gearr é seo faoin tábhacht a bhaineann le bheith ag éisteacht le scéalta chun cabhrú le tuiscint na dara teanga. Cuireann sé fianaise láidir taighde-bhunaithe ar fáil, a thacaíonn le cur chuige an Bhosca Leabharlainne, sa mhéid is gur cuireadh ealaíontóirí cónaithe (údair agus maisitheoirí) ar fáil chun na scéalta sa bhosca a thabhairt chun beatha, mar bhealach chun an léitheoireacht don phléisiúr sa Ghaeilge a chur chun cinn. Tarlóidh sé seo freisin agus na múinteoirí sa seomra ranga ag tabhairt na scéalta chun beatha trí úsáid a bhaint as an leabhrán gníomhaíochtaí.

A bheith ag éisteacht le scéalta ná droichead 'the bridge', chuig an léitheoireacht neamhspleách (Wang and Lee, 2007). Tá ról mór ag na scéalta sa luatheispéireas den léitheoireacht go ginearálta, agus den léitheoireacht sa dara teanga. Leanann tábhacht an ról seo ar aghaidh don pháiste agus don dhéagóir. 'Stories provide the linguistic competence that makes reading possible, and they also stimulate interest in reading' (Krashen, 2019).

Tá an argóint ann gur an sprioc atá ann le cabhrú le páistí foghlaim conas léamh, ná nós na léitheoireachta don phléisiúr a chothú. Seo an bealach is fearr chun inniúlacht léitheoireachta a chothú, mar feabhsaíonn sé: léamh agus scríobh, foclóir, litriú agus gramadach (Krashen, 2019). Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire go bhfuil an léitheoireacht don phléisiúr neamhspleách, agus cuirtear síos uirthi mar: 'reading that we do of our own free will, anticipating the satisfaction that we will get from the act of reading. It also refers to reading that having begun at someone else's request we continue because we are interested in it.' (Clark and Rumbold 2006, 6). Chun léitheoireacht don phléisiúr a spreagadh tá orainn 'comprehensible input' a fháil, sé sin, go dtuigeann muid an méid a chloiseann nó a léann muid agus go bpróiseálann muid é. An bealach is fearr chun an t-ionchur a fháil ná an t-ionchur a dhéanamh spésiúil, agus an t-ionchur is spésiúla ná trí scéalta maithe; is cuma má chloiseann muid ná má léann muid scéalta, má tá siad spésiúil cuirfidh muid suim iontu agus cuirfear tús leis, agus leanfar ar aghaidh leis, an nós riachtanach seo de bheith ag léamh don phléisiúr (Krashen, 2019).

Tá na scéalaithe thar a bheith luachmhar mar headránaithe scéalta agus léitheoireachta do pháistí sna céimeanna luatha den léitheoireacht (Krashen, 2019). Cabhraíonn scéalaithe éisteacht agus tuiscint trí 'comprehension-aiding supplementation' (Krashen, Mason, and Smith, 2018). Bealaí a úsáidtear chun tuiscint a éascú ná: eolas cúlra ar an scéal a thabhairt roimh é a roinnt leis na páistí; scéalta a insint a bhfuil lonnaithe in áit aitheanta; pictiúir nó líníochtaí a thabhairt isteach; eolas teangeolaíochta (comhchiallaigh, cur síos, aistriúchán dóibh siúd atá ag léamh sa dara teanga). Tá na modhanna éisteachta scéil curtha i bhfeidhm i saothar Mason (2014).

Bheith ag éisteacht le scéalta an bealach is fearr chun cur le stór focal, rud atá soiléir ón taighde (Mason and Krashen, 2004; Mason, Vanata, Jander, Borsch, and Krashen, 2009). Ní gá go dtuigeann páiste an scéal iomlán, ná an chiall a bhaineann le gach focal nach bhfuil ar eolas acu cheana 'each time listeners hear a new word in a comprehensible context, they acquire a small part of the meaning. If they hear enough stories, and the stories are reasonably comprehensible, substantial vocabulary growth will take place' (Krashen, 2019). Tá taighde ann a dhéanann comparáid idir cé chomh héifeachtach is atá sé focail a fhoghlaim go díreach, i gcomparáid le bheith ag éisteacht le focail anaithnide i gcomhthéacs scéil le cabhair tuisceana sa bhreis ar fáil (Mason and Krashen, 2004; Mason, Vanata, Jander, Borsch, and Krashen, 2009; McQuillan, 2019). Aontaíodh sna staidéir ar fad gur sealbhaíodh níos mó focal sa nóiméad agus na focail anaithnide le cloisteáil i scéal. (Krashen, 2019).

1: Rinne Sandra Roe comhairliúchán in 2021, 'Reading in Irish for Pleasure', agus déanann Claire M. Dunne, a scríobh an leabhrán gníomhaíochtaí, tagairt don cháipéis comhairliúcháin seo, ar ghlac siad leis, agus an leabhrán á chur le chéile.

Tagairtí

- Clark, C., and K. Rumbold (2006) 'Reading for Pleasure: A Research Overview', London: National Literacy Trust.
- Krashen, S. (2019) 'Beginning Reading', April 17, <https://www.languagemagazine.com/2019/04/17/beginning-reading/>
- Mason, B. and S. Krashen (2004) 'Is Form-Focused Vocabulary Instruction Worth While?' *RELC Journal* 35(2),179-185.
- Mason, B., M. Vanata, K. Jander, R. Borsch, and S. Krashen (2009) 'The effects and efficiency of hearing stories on vocabulary acquisition by students of German as a second foreign language in Japan, *The Indonesian Journal of English Language Teaching*, 5(1), 1-14.
- Mason, B. (2014) 'Self-selected pleasure reading and story listening for foreign language classrooms', unpublished article, www.benikomason.net, posted 2014-09-15
- McQuillan, J. (2019) 'The Inefficiency of Vocabulary Instruction', *International Electronic Journal of Elementary Education* 11(4):309-318.
- Roe, S. (2021) 'Reading in Irish for Pleasure', unpublished consultation document.
- Wang, F.Y. and S.Y. Lee (2007) 'From listeners to readers with storytelling to bridge the gap', Selected papers from the 16th International Symposium on English Teaching.

